An Roinn Oideachais
Department of Education
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
National Educational Psychological Service

wellbeing in education

# Foirne Tacaíochta do Scoláirí Iar-Bhunscoileanna

Treoir chun Foireann a Bhunú nó Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFoireann Reatha (2021).

an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

© Deireadh Fómhair 2021 An Roinn Oideachais

Foilsithe ag

An Roinn Oideachias

Sráid Mhaoilbhríde

Baile Atha Cliath 1

## Réamhrá – Aire

Is cúis áthais dom fáilte a chur roimh fhoilsiú Threoirlínte do Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí. Is mar thaca ag scoileanna agus iad ag bunú agus ag forbairt foirne tacaíochta do scoláirí a cuireadh i dtoll a chéile an foilseachán seo. Tá a fhios agam go mbíonn an fholláine i gcónaí ina croílár ag gach scoil agus ag gach suíomh oideachais agus cuirim fáilte roimh an togra seo le taca a chur faoin obair thábhachtach sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Rannóg de chuid mo Roinne féin, mar is iad a rinne forbairt ar na Treoirlínte. Tagann na Treoirlínte seo lenár Ráiteas Polasaí Folláine agus lenár gCreat Cleachtais. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith leis na comhpháirtithe oideachais iomadúla a chuidigh le forbairt na dTreoirlínte.

I réimse an oideachais, déanaimid ár ndícheall timpeallachtaí a chruthú le go bhféadfaidh scoláirí scileanna acadúla a fhoghlaim agus cur lena n-eolas. Ní hamháin sin ach déanaimid ár ndícheall timpeallachtaí a chruthú ina gcothaítear na scoláirí, ina dtugtar tacaíocht dóibh, agus ina spreagtar iad le forbairt a dhéanamh in iomláine.

Mar iar-oide scoile, tuigim go rí-mhaith an ról tábhachtach a bhíonn ag foireann na scoile maidir le tacú le folláine na scoláirí. I dteannta na tacaíochta a thugann foireann na scoile don fhoghlaim acadúil, bíonn ról tábhachtach acu chomh maith i bhforbairt timpeallachtaí ina gcothaítear ár n-aos óg agus ina ndéantar cúram díobh.

Tabharfaidh na Treoirlínte seo cúnamh do scoileanna agus iad ag búnú, ag forbairt nó ag déanamh athbhreithnithe ar a gcuid Foirne Tacaíochta do Scoláirí. Cuireann na Treoirlínte meán ar fáil lenar féidir comhordú agus pleanáil a dhéanamh ar na tacaíochtaí iomadúla atá ann cheana féin do scoláirí agus atá á gcur ar fáil ag scoileanna, mar is eol go maith dom féin. Sna hiarrachtaí a dhéantar chun treoir a thabhairt do scoláirí le linn na paindéime Covid-19, ní raibh ról na Foirne Tacaíochta do Scoláirí riamh chomh tábhachtach agus atá anois.

Tugann na Treoirlínte seo aitheantas don tábhacht a bhaineann le naisc a chothú le seirbhísí tacaíochta seachtracha mar aon le forbairt a dhéanamh ar chur chuige a threoraíonn scoláirí chuig na seirbhísí seo.

Mar Aire, leanfaidh mé orm i mo chuid iarrachtaí chun go mbeidh folláine na n-óg ina chroílár ag misean na Roinne ionas gur féidir lenár ndaoine óga barr cumais a bhaint amach ina gcuid mianta uilig.

***Norma Foley***
***Aire Oideachais***



# Réamhrá - Stiúrthóir

D'ullmhaigh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) na treoirlínte seo tar éis treoirthionscadal a chur i gcrích i scoileanna i mBaile Átha Cliath, i nDún na nGall agus i gCorcaigh. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair thábhachtach a rinneadh sna scoileanna a ghlac páirt sna tionscadail seo de chuid NEPS. Chuir a gcuid oibre go mór leis na treoirlínte seo. Ina theannta sin, aithnítear freisin an comhairliúchán a rinneadh le raon leathan comhpháirtithe oideachais agus táthar buíoch díobh.

Is treoir é an doiciméad seo chun foireann tacaíochta do scoláirí in Iar-Bhunscoileanna a bhunú, a fhorbairt nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoireann tacaíochta atá sa scoil cheanna féin. Déantar cur síos ann ar bhealach inar féidir acmhainní na scoile a eagrú chun leasa gach scoláire, agus go háirithe dóibh siúd a bhfuil riachtanais tacaíochta breise acu. Ní lámhleabhar cuimsitheach an doiciméad seo ach is cabhair é foireann a bhunú nó athbhreithniú a dhéanamh ar fhoireann atá ann cheana.

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (2018-2025) chun tacú le cur chuige uile maidir le cur chun cinn folláine i scoileanna. Tugann sé eolas faoin mbealach is fearr gur féidir le scoileanna folláine iomlán scoile a chur chun cinn.

Tugann an dea-chleachtas le fios go nglacann scoileanna cur chuige ilghnéitheach iomlán scoile maidir le cur chun cinn na folláine agus iad ag iarraidh seasamh roimh dheacrachtaí ina n-áirítear idirghabhálacht do chách mar aon le idirghabhálacht atá spriocdhírithe.

Tá obair na Foirne Tacaíochta do Scoláirí lárnach sa chur chuige seo agus féadfaidh scoileanna struchtúir a thabhairt isteach, a fhorbairt nó athbhreithniú a dhéanamh air mar chuid dá bpróiseas an fholláine a chur chun cinn sa scoil. Tá súil againn go mbeidh na treoirlínte seo ina uirlis úsáideach sa phróiseas seo.

Baineann folláine ár leanaí agus ár ndaoine óga linn uilig agus leis an bpobal i gcoitinne. Cé go bhfuil go leor cuinsí ag imirt tionchair ar fholláine duine óig lasmuigh den scoil, is timpeallacht thar a bheith tacúil í an scoil a sholáthraíonn comhthéacs éifeachtach chun cuinsí cosanta a chur chun cinn agus gnéithe atá mar bhaol ar an tsláinte a laghdú.

Cuireann scoileanna timpeallacht sheasmhach thacúil ar fáil do gach scoláire le forbairt a dhéanamh ar bhunscileanna agus inniúlachtaí laistigh de chaidrimh thacúla. Is gnéithe cosanta ríthábhachtacha iad uilig le forbairt a dhéanamh ar an athléimneacht, ar an teacht aniar agus ar an gcumas déileáil le dúshláin.

I gcás formhór na ndaoine óga, ní mhaireann a gcuid deacrachtaí i bhfad agus is féidir na deacrachtaí a réiteach le tacaíocht mhaith agus le beagán idirghabhála. Mar sin féin, is féidir le roinnt deacrachtaí a thagann chun cinn sna déaga a bheith tromchúiseach agus leanúnach agus beidh tacaíocht níos mó agus/nó tacaíocht fhadtéarmach ag teastáil ó roinnt scoláirí, lena n-áirítear atreorú chuig sainseirbhísí. Cinnteoidh sainaithint agus idirghabháil luath na torthaí is fearr do na daoine óga seo. Is féidir le córas tacaíochta láidir scoile a bheith ar an gcéad chéim ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí, más trí idirghabhálacht sa scoil a sholáthar agus/nó trí tarraingt air agus trí chomhoibriú leis na sainseirbhísí chun na tacaíochtaí fíorthábhachtacha sin a sholáthar.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh na treoirlínte seo a fhorbairt agus a sholathar.

***Anne Tansey***
***Stiúrthóir***
***An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais***



# CLÁR ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá - Aire | 3 |
| | Réamhrá - Stiúrthóir | 4 |

## CUID 1 — 7
### Cúlra agus Comhthéacs

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Réamhrá | 8 |
| 2 | Cúlra | 8 |
| 2.1 | Cur Chun Cinn Folláine na Scoile Uile | 8 |
| | Fíor 1: Cur Chuige Ilchomhpháirteach: Ceithre Phríomhréimse le haghaidh Chur Chun Cinn na Folláine | 9 |
| | Fíor 2: Leanúntas Tacaíochta na Roinne Oideachais/NEPS | 10 |
| 2.2 | Tionscadail Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 10 |
| 3 | Cad is Foireann Tacaíochta do Scoláirí ann? | 11 |
| | Fíor 3: Foireann Tacaíochta do Scoláirí | 11 |
| 3.1 | Ról na Foirne Tacaíochta do Scoláirí? | 12 |
| 3.2 | Conas is Féidir le Foirne Tacaíochta do Scoláirí Cabhrú le Scoláirí? | 15 |
| 4 | Folláine na Sraithe Sóisearaí agus na Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 15 |

## CUID 2 — 17
### Cleachtas agus Nósanna Imeachta

| | | |
|---|---|---|
| 5 | Conas Foireann Tacaíochta do Scoláirí a Bhunú nó a Athbhreithniú | 18 |
| 5.1 | Ról an tSíceolaí NEPS i mBunú nó in Athbhreithniú na Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 18 |
| 5.2 | Seicliosta chun Tacú le Forbairt Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 19 |
| 5.3 | Cé mhéad ama ba chóir a chaitheamh ar Bhunú/Athbhreithniú na Foirne Tacaíochta do Scoláirí? | 19 |
| 6 | Foireann Tacaíochta do Scoláirí a Chur i gCrích | 19 |
| 6.1 | Cé chomh minic ba chóir Bualadh le Chéile agus Cén Fhad? | 19 |
| 6.2 | Cé ba Chóir a Chur san áireamh i mBallraíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí? | 19 |

# CLÁR ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| 7 | An Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí agus Córais Scoile Eile | 21 |
| 7.1 | Teagmhais Chriticiúla agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí | 21 |
| 7.2 | Cosaint Leanaí agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí | 21 |
| 7.3 | An Córas Bainistíochta Iompraíochta agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí | 22 |
| 7.4 | Treoir agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí | 23 |
| 8 | Freagrachtaí bhaill na Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 23 |
| 9 | Cumarsáid agus Foirne Tacaíochta éifeachtacha do Scoláirí | 26 |
| 9.1 | Cumarsáid sa Scoil | 27 |
| 9.2 | Cumarsáid le Tuismitheoirí | 27 |
| 9.3 | Cumarsáid le Gníomhaireachtaí Eile | 27 |
| 10 | Nósanna Imeachta na Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 28 |
| 11 | Próisis Chruinnithe d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí | 30 |
| 11.1 | Athbhreithnithe | 34 |
| 12 | Rúndacht agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí | 34 |
| 13 | Taifid a Choinneáil | 36 |
| 14 | Conclúid | 37 |
| **AGUISÍNÍ** | | **39** |
| Aguisín 1 Tionscadal na Foirne Tacaíochta do Scoláirí | | 40 |
| Aguisín 2 Seicliosta chun Tacú le Forbairt Foirne Tacaíochta do Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna | | 41 |
| Aguisín 3 Róil a Shainiú laistigh den bhFoireann Tacaíochta do Scoláirí | | 47 |
| Aguisín 4 Liosta Teagmhálacha Éigeandála | | 49 |
| Aguisín 5 | | 50 |
| (a) | Foirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí ar mhaithe le Folláine Scoláirí | 50 |
| (b) | Foirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí ar mhaithe le Scoláirí | 51 |
| (c) | Iarratas na Foirne Tacaíochta do Scoláirí ar Rannpháirtíocht ar mhaithe le Scoláirí | 52 |
| Aguisín 6 | | 53 |
| (a) | Taifead Cruinnithe na Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 53 |
| (b) | Teimpléad Cruinnithe na Foirne Tacaíochta do Scoláirí | 54 |
| Aguisín 7 Míniú ar an gCóras Cumarsáide "Lean In & Lean Out" | | 55 |

# CUID 1



## Cúlra agus Comhthéacs

Is treoir é an doiciméad seo chun foirne tacaíochta do scoláirí a bhunú nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhoireann atá ann cheana féin in Iar-Bhunscoileanna agus déantar cur síos ann ar an gcaoi ar féidir acmhainní scoile a eagrú chun leasa gach scoláire go háirithe scoláirí a dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu ag aon am ar leith.

## 1. Réamhrá

Is treoir é an doiciméad seo chun foirne tacaíochta do scoláirí a bhunú nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhoireann atá ann cheana féin in Iar-Bhunscoileanna agus déantar cur síos ann ar an gcaoi ar féidir acmhainní scoile a eagrú chun leasa gach scoláire go háirithe scoláirí a dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu ag aon am ar leith. Is athbhreithniú é ar an bhFoilseachán *Foirne Tacaíochta Scoláirí Iarbhunscoileanna: Treoir do Foireann a Bhunú nó le hAthbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann atá ann Cheana (2014*). Tá sé mar aidhm ag an doiciméad seo freisin tacú le scoileanna a roghnaíonn díriú ar struchtúir foirne tacaíochta do scoláirí mar chuid den phróiseas cur chun cinn na folláine ar scoil, agus atá mar aon dul leis an *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Creat Cleachtais (2018-2025).*

## 2. Cúlra


### 2.1 Cur Chun Cinn Folláine na Scoile Uile

Chun tacú le cur chuige iomlán scoile maidir le cur chun cinn na folláine d'fhoilsigh an Roinn Oideachais an *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Creat Cleachtais (2018-2025).* Tugtar comhairle sa doiciméad seo faoin mbealach is fearr gur féidir leo folláine scoile uile a chur chun cinn. Soláthraíonn an ráiteas polasaí agus an creat cleachtais struchtúr uileghabhálach a chuimsíonn obair atá déanta cheana, obair atá ar siúl i láthair na huaire agus obair forbartha atá ar bun i réimse an Chur Chun Cinn na Folláine i scoileanna.

Is é seo a leanas an sainmhíniú oibre ar fholláine mar a shainigh an WHO (Eagraíocht Dhomhanda Sláinte) (2001) é agus mar a d'oiriúnaigh an Roinn Oideachais é:


> ***'Bíonn folláine ann nuair a thuigeann duine a gcumas, nuair a bhíonn sé/sí athléimneach agus é/í ag déileáil le gnáthstrus an tsaoil, nuair a thugann sé/sí aire dá f(h)olláine choirp agus nuair atá tuiscint aige/aici ar chuspóir, ar cheangal agus ar conas a bheith ina b(h)all de phobal níos leithne. Is slí athraitheach de "bheith ann" é agus is gá é a chothú ar feadh an tsaoil'.***

Tugann an dea-chleachtas le fios go nglacann scoileanna cur chuige ilghnéitheach iomlán scoile maidir le cur chun cinn na folláine agus iad ag iarraidh seasamh roimh dheacrachtaí ina n-áirítear idirghabhálacht do chách mar aon le idirghabhálacht atá spriocdhírithe. Le cur chuige iomlán scoile tá gach duine i bpobal na scoile ag tabhairt faoin bpróiseas comhoibritheach seo, chun réimsí de shaol na scoile a théann i bhfeidhm ar fholláine a fheabhsú. Cinntítear cur chuige ilchomhpháirteach (fíor 1) go ndírítear ar phríomhréimsí a chuireann le cur chun cinn na folláine i scoileanna.




**Fíor 1: Cur Chuige Ilchomhpháirteach: Ceithre Phríomhréimse le haghaidh Chur Chun Cinn na Folláine**

Aithnítear go bhféadfadh riachtanais éagsúla a bheith ag scoláirí ag amanna éagsúla. Tá an tuiscint seo go domhain sa chur chuige ilchomhpháirteach scoile seo agus tá sé ar aon dul le Leanúntas Tacaíochta na Roinne (fíor 2). D'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht níos sainiúla, níos spriocdhírithe ag teastáil uathu siúd atá i mbaol níos mó agus a bhfuil riachtanais níos mó acu, de bhreis ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil do scoláirí ar an leibhéal tacaíochta do chách.




**Tacaíocht Scoile do Bheagán:**
Idirghabháil aonair, spriocdhírithe do leanaí agus do dhaoine óga le riachtanais níos casta agus seasta.

**Tacaíocht Scoile do Roinnt Scoláirí:**
Aithint, cosc spriocdhírithe agus luath-idirghabháil dóibh siúd atá i mbaol.

**Tacaíocht Scoile do Chách:**
Tacaíocht na scoile uile do chothú na folláine ar a n-áirítear cosc mar aon le hinniúlacht shóisialta agus mhothúchánach & scileanna chun déileáil le deacrachtaí a fhorbairt don uile dhuine.

**Fíor 2: Leanúntas Tacaíochta na Roinne Oideachais/NEPS**

Is féidir cur chuige coisctheach scoile uile, ilchomhpháirteach, a bhaint amach maidir le folláine trí phróiseas féinmheastóireachta scoile a úsáid, agus díriú ar chur chun cinn na folláine sa phróiseas seo. Tá obair na foirne tacaíochta do scoláirí ríthábhachtach sa chur chuige seo agus féadfaidh scoileanna struchtúir a thabhairt isteach, a fhorbairt nó athbhreithniú a dhéanamh air mar chuid dá bpróiseas an fholláine a chur chun cinn sa scoil.

## 2.2 Tionscadail Foirne Tacaíochta do Scoláirí


I dteannta le foilseachán na dtreoirlínte d'fhoirne tacaíochta do scoláirí 2014, cuireadh tús leis an tionscadal foirne tacaíochta do scoláirí (2014-2017). Chuige seo, bhí sé mar aidhm ag an tionscadal 2014-2017 seo tacú le hIar-Bhunscoileanna athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar na struchtúir a bhí i bhfeidhm acu agus úsáid a bhaint as an gcreat a leagtar amach sna *Treoirlínte d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna* (2014). Tháinig Tionscadal Foireann Tacaíochta do Scoláirí de chuid NEPS 2018/2019 chun cinn le cur leis an bhforbairt ar thionscadal na tréimhse 2014-2017 agus le cur leis an gcuspóir; go mbeadh struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm ag gach Iar-Bhunscoil chun tacú le folláine na scoláirí.

Tarraingíonn an treoirlíne athbhreithnithe reatha seo ar na rudaí a foghlamaíodh ón dá thionscadal agus tá faisnéis agus acmhainní breise ann d'Iar-Bhunscoileanna ar mian leo foirne tacaíochta do scoláirí a bhunú nó iad siúd atá ann cheana a fhorbairt nó a athbhreithniú (féach Aguisín 1 le haghaidh tuilleadh sonraí faoin tionscadal agus na scoileanna atá i gceist).

## 3. Cad is Foireann Tacaíochta do Scoláirí ann?

Tá foireann tacaíochta do scoláirí ina cuid lárnach den chóras tacaíochta do scoláirí i scoil. Is í an fhoireann uileghabhálach í a bhaineann le dul chun cinn gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas agus folláine gach scoláire. Is meicníocht é trína ndéantar go leor de na tacaíochtaí do scoláirí atá ann a chomhordú agus a phleanáil.

Feidhmíonn foireann tacaíochta do scoláirí mar chroilár eagrúcháin scoile, ag tabhairt comhleanúnachais don chóras tacaíochta trí chomhordú a dhéanamh ar obair luachmhar na ranna, na foirne agus/nó na ngrúpaí mar an fhoireann Pleanála Curaclaim um Fholláine na Sraithe Sóisearaí, an roinn Riachtanas Oideachais Speisialta (RSO), an Fhoireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil (CIMT) mar aon le foireann treorach agus tréadach (féach Fíor 3). Tá ról tábhachtach leis, ag Ceannaireacht na Scoile a thugann treoir agus tacaíocht don bhfoireann tacaíochta do scoláirí.




Fíor 3: Foireann Tacaíochta do Scoláirí

Tá an raon oibre agus an cineál oibre a dhéanann na ranna agus na foirne ag brath ar na riachtanais agus ar na hacmhainní atá ar fáil i ngach scoil.

Cé go bhfuil tábhacht ag baint leis na foirne éagsúla a dhíríonn ar scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, tá sé tábhachtach freisin díriú ar choisc agus luathidirghabháil. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh na fadhbanna seo a leanas teacht chun cinn:


- d'fhéadfaí go gcaillfí deiseanna gnéithe ***cosanta*** a fhorbairt a chabhróidh cur le foghlaim, sláinte agus folláine **gach** scoláire ***sa*** scoil;
- d'fhéadfadh go **ndéanfaí dearmad** ar scoláirí ina bhfuil **riachtanais ag teacht chun cinn** nó orthu siúd a rachfadh beagáinín tacaíochta chun tairbhe dóibh agus nach measfaí iad sin ach nuair a bhíonn cúrsaí ag dul in olcas;
- féadfaidh scoláirí a bhfuil riachtanais aitheanta acu idirghabhálacha a fháil ó fhoirne tacaíochta éagsúla ar scoil agus gan baill foirne a bheith ar an eolas faoin tacaíocht atá a fáil acu ó fhoirne eile. D'fhéadfadh **forluí** sa thacaíocht a sholáthaítear do roinnt scoláirí agus **ganntanas** acmhainní i gcás scoláirí eile a bheith mar thoradh ar seo;
- go mbeifí taobh le modh tacaíochta nach n-oireann dá fheidhm agus go mbeifí ag brath rómhór ar sheirbhísí éigeandála agus seirbhísí seachtracha.

### 3.1 Ról na Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Trí chontanam tacaíochta a chur i bhfeidhm, is féidir leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí soláthar a dhéanamh do riachtanais oideachais, shóisialta, mhothúchánacha, iompraíochta agus foghlama *Gach scoláire*, *Roinnt scoláirí* agus *Beagán* scoláirí chun a bhfolláine a chinntiú ar bhonn leanúnach. Leagann Plean Treorach na scoile comhpháirteanna an chórais seo amach lena n-áirítear, mar shampla, curaclam OSPS agus OCG; an córas tacaíochta iompraíochta, ról na gcinnirí bliana agus na beartais éagsúla scoile atá i bhfeidhm.



Sa chás go bhfuil foireann tacaíochta mac léinn i bhfeidhm cuireann an fhoireann seo cur chuige scoile uile i leith folláine chun cinn. I measc samplaí de roinnt cineálacha cur chuige scoile uile tá: seachtain fhrithbhulaíochta agus/nó seachtain folláine a reáchtáil; córas meantóireachta piaraí a eagrú; cláir foghlama sóisialta agus mothúchánacha uilíocha a chur i bhfeidhm.




Féadfaidh an fhoireann tacaíochta éascú a dhéanamh do scoláirí tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara a chur i dtoll a chéile trí cheistneoirí a riaradh nó trí ghrúpaí fócais a eagrú, le scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne chun léargas a fháil ar na buanna agus na réimsí atá le feabhsú sa scoil, sna ceithre phríomhréimse de chur chun cinn na folláine scoile uile (Cultúr & Comhshaol; Teagasc agus Foghlaim; Caidrimh & Comhpháirtíochtaí; Polasaí & Pleanáil).

## Tacaíocht do Chách - Sampla

Iarrann an príomhoide athbhreithniú ar Phlean Bainistíochta na scoile maidir le Teagmhas Criticiúil. Cuireadh an próiseas athbhreithnithe ar chlár oibre chruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí agus rinneadh cinntí maidir le conas a dhéanfaí an t-athbhreithniú seo agus cé a bheadh rannpháirteach. Bhí ball den bhfoireann tacaíochta do scoláirí atá ina bhall den bhfoireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil (CIMT) freisin sásta an t-athbhreithniú a threorú. Rinneadh an obair seo lasmuigh de na cruinnithe ach tháinig an fhoireann le chéile arís le tuairimí agus breathnóireacht a phlé sular shínigh príomhoide na scoile í.

## Tacaíocht do Chách agus Roinnt - Sampla

Bhí iarratais RACE ar chúnamh léitheoireachta thar an meán ag Iar-Bhunscoil a bhí ainmnithe mar scoil DEIS arís agus arís eile ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus mar thoradh air sin rinne CSS iniúchadh ar an scoil. Thug comhordaitheoir na foirne tacaíochta do scoláirí cuireadh do shíceolaí NEPS freastal ar chruinniú chun na h-iarratais a léamh agus chun cabhrú leis an gceist a réiteach. Aithníodh go raibh scagadh an-mhaith ag an scoil i dtástáil gnóthachtála agus cumais. Mar sin féin, níor thuig agus níor úsáid an fhoireann na sonraí ina n-iomláine. Aontaíodh go mbuailfeadh síceolaí NEPS leis an gcomhordaitheoir RSO chun breathnú ar na sonraí agus chun an fhaisnéis a léirmhíniú, chun bonn eolais a chur faoi idirghabhálacha le torthaí léitheoireachta a fheabhsú. Cuireadh tionscnaimh léitheoireachta i bhfeidhm do scoláirí na Sraithe Sóisearaí, leithéidí “Fág Uait gach rud agus Léigh”, Seachtain na n-Eochairfhocal agus dúshláin léitheoireachta. Comhaontaíodh freisin go dtabharfaí cuireadh do scoláire ar bith atá faoi bhun scoithphointe comhaontaithe páirt a ghlacadh i gclár léitheoireachta idirghabhála beirte a leanfadh ar aghaidh ar feadh dhá sheachtain déag. D'earcaigh comhordaitheoir na hIdirbhliana scoláirí deonacha ón Idirbhliain chun gníomhú mar theagascóirí léitheoireachta. Thug síceolaí NEPS ionchur gairid d’oibrithe deonacha Idirbhliana ar conas a bheith i do theagascóir léitheoireachta. Chuir teagascóir na chéad bhliana tuismitheoirí ar an eolas faoin gclár agus tar éis an tionscnaimh cuireadh scrúdú ar na scoláirí arís agus rinneadh athbhreithniú ar an idirghabháil ag cruinniú foirne tacaíochta do scoláirí. Tháinig feabhas ar ghnóthachtáil litearthachta thar thréimhse 3 bliana agus tháinig laghdú ar líon na n-iarratas ar chúnamh léitheoireachta don tSraith Shóisearach.

## Tacaíocht do Roinnt - Sampla

Tá grúpa beag de scoláirí na 1ú Bliana ag cruthú deacrachtaí tromchúiseacha iompraíochta i gcuid de na ranganna. Léirigh faisnéis a bhailigh foireann na scoile go raibh gá le hidirghabhálacha ar roinnt leibhéal, mar shampla: tacaíocht do na múinteoirí lena mbaineann; pleananna tacaíochta iompraíochta faoi leith do bheirt scoláirí sa ghrúpa; scrúdú ar an mbealach ar úsáideadh smachtbhannaí leis na scoláirí. Cuireadh na bearta seo go léir san áireamh i bplean agus cuireadh iad os comhair cruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí a tionóladh ina dhiaidh sin.

Is féidir leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí gaol a chothú le seirbhísí tacaíochta seachtracha agus bealaí a fhorbairt le hathreorú a dhéanamh ar scoláirí.

### 3.2 Conas is Féidir le Foirne Tacaíochta do Scoláirí Cabhrú le Scoláirí?

Rachaidh rannpháirtíocht san fhoireann tacaíochta do scoláirí chun leasa a mball maidir lena gcomhthuiscint ar riachtanais na scoláirí agus i bpleanáil cláir idirghabhálacha oiriúnacha. Mar shampla, féadfaidh ball foirne faisnéis a fháil faoi scoláire a chabhróidh le socrúcháin taithí oibre a phleanáil nó féadfaidh comhordaitheoir riachtanas speisialta cinneadh a chur i bhfeidhm leasú a dhéanamh ar phlean tacaíochta do scoláire bunaithe ar chúlra an scoláire.

Go bunúsach, is é atá sa fhoireann tacaíochta do scoláirí ann meicníocht scoile atá dírithe ar scoláirí chun:

- comhordú a dhéanamh ar an tacaíocht atá ar fáil do scoláirí sa scoil;
- a chur ar chumas scoláirí a bhfuil riachtanais tacaíochta acu an deis ar oideachas iomlán i leanúnach a fháil;
- cuidiú leis an bhfoireann na scoláirí sin a bhainistiú go héifeachtach;
- naisc a chothú leis an bpobal agus seirbhísí tacaíochta seachtracha;
- a chinntiú go gcuirtear baill foirne nua ar an eolas faoi pholasaithe agus nósanna imeachta a bhaineann le folláine agus tacaíocht do scoláirí;
- comhairle a thabhairt do cheannairí scoile maidir le polasaithe agus struchtúir éifeachtacha tacaíochta do scoláirí a fhorbairt agus a athbhreithniú;

## 4. Folláine na Sraithe Sóisearaí agus na Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Ba chóir go mbeadh foireann tacaíochta do scoláirí mar chroilár ar na struchtúir tacaíochta uile sa scoil, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach sa scoil as an gclár Folláine na Sraithe Sóisearaí a phleanáil.

Tugtar breac-chuntas ar cad leis a bhfuileadar ag súil maidir le pleanáil don Fholláine sa tSraith Shóisearach sna *Treoirlínte le haghaidh Folláine na Sraithe Sóisearaí* (2021). De ghnáth, cuimsíonn obair na Foirne Pleanála maidir le Folláine na Sraithe Sóisearaí[1]:

- Comhairliúcháin a eagrú le scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne chun a dtuairimí agus a moltaí maidir le folláine na Sraithe Sóisearaí a bhailiú;
- Ceardlanna a eagrú chun an fhoireann iomlán a mhealladh chun machnamh a dhéanamh ar a dtuiscint ar fholláine le fís chomhchoiteann ar fholláine a fhorbairt dá gcuid scoláirí;
- Pleanáil agus amchlár do churaclam Folláine na Sraithe Sóisearaí;
- Tionscnaimh agus cláir Fholláine na Sraithe Sóisearaí a mheas;

[1] Tá mioneolas ar obair Foirne Pleanála Folláine na Sraithe Sóisearaí ar fáil ar leathanach 54 de Threoirlínte le haghaidh Folláine na Sraithe Sóisearaí (2021)

Ba chóir go dtiocfadh ballraíocht den bhfoireann pleanála Folláine sa tSraith Shóisearach chun cinn tar éis cuireadh a fháil ó bhaill de phobal na scoile gur suim leo, tacaíocht a thabhairt do phleanáil agus d’fhorbairt an chláir Folláine sa tSraith Shóisearach. D’fhéadfadh ionadaithe de chuid na foirne tacaíochta do scoláirí a bheith ar an bhfoireann seo chomh maith.

D’fhéadfadh roinnt scoileanna a chinneadh gur leor an fhoireann tacaíochta do scoláirí léi féin chun obair folláine a chomhordú do chláir na Sraithe Sóisearaí agus don obair níos leithne ar chur chun cinn folláine scoile uile. Má tá foirne ar leith ann agus má fhorbraíonn scoileanna a gcleachtas cur chun cinn folláine de réir a chéile d’fhéadfadh sé go gcinnfidh siad a bhfoireann pleanála folláine don tSraith

# CUID 2



## Cleachtas agus Nósanna Imeachta

## 5. Conas Foireann Tacaíochta do Scoláirí a Bhunú nó a Athbhreithniú

Is féidir le scoil a foireann tacaíochta do scoláirí a bhunú nó athbhreithniú a dhéanamh uirthi mar chuid dá próiseas chun folláine a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla.

- Trí oibriú le síceolaí de chuid NEPS chun tacú le foireann na scoile struchtúr na foirne tacaíochta do scoláirí a bhunú nó le hathbhreithniú a dhéanamh uirthi.
- Trí oibriú i gcomhar leis an bhfoireann áitiúil NEPS le grúpa d'Iar-Bhunscoileanna chun tacú le foirne tacaíochta do scoláirí a bhunú nó athbhreithniú a dhéanamh uirthi. Má tá tionscadal de chuid an ghrúpa scoileanna seo á chur i bhfeidhm i gceantar éigin, féadfaidh síceolaí NEPS cuireadh a thabhairt do scoileanna a bheith páirteach ann.
- Is féidir do scoileanna na treoirlínte seo a úsáid freisin mar acmhainn ann féin chun foireann tacaíochta scoile do scoláirí a bhunú, a fhorbairt nó le hathbhreithniú a dhéanamh uirthi. Ach moltar do scoileanna go mbeadh an síceolaí de chuid NEPS rannpháirteach sa phróiseas seo.

### 5.1 Ról an tSíceolaí NEPS i mBunú nó in Athbhreithniú na Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Léirigh na torthaí ó thionscadail foirne tacaíochta do scoláirí 2014-17 agus 2018-19 araon go raibh meas ag foireann na scoile ar rannpháirtíocht a síceolaí NEPS agus é/í ag tacú leo san obair seo. Má chinneann scoil tosaíocht a thabhairt do bhunú a foirne tacaíochta do scoláirí nó d'athbhreithniú a dhéanamh uirthi le tacaíocht óna síceolaí NEPS, moltar é sin a phlé sa téarma deiridh den bhliain acadúil agus go n-aithneofaí múinteoir faoi leith a mbeidh an síceolaí ag obair leis. Déantar é seo chun cumarsáid mhaith agus naisc mhaithe a chinntiú agus go mbeidh am curtha ar leataobh san amchlár acadúil nua d'obair forbartha na foirne tacaíochta do scoláirí agus do chruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí. (Féach thíos maidir le tuilleadh sonraí faoi leithdháileadh ama).

Má iarrann scoil go dtabharfadh an síceolaí NEPS tosaíocht d'am chun foireann tacaíochta do scoláirí a bhunú nó a athbhreithniú is dóigh go mbeidh ról ag an síceolaí NEPS ar an bhfoireann ar feadh na scoilbhliana. Dhéanfadh NEPS é seo a aicmiú mar 'Obair Tacaíochta agus Forbartha' agus d'fhéadfadh go n-áireofaí ar na tascanna seo a leanas:

- Oiliúint a sholáthar ar fhorbairt na foirne tacaíochta do scoláirí.
- Breathnóireachtaí a dhéanamh ar an bhfoireann tacaíochta do scoláirí sa chleachtas agus aiseolas a thabhairt ar an bpróiseas.
- Comhairliúcháin agus pleanáil leis an múinteoir atá ag stiúradh na foirne tacaíochta do scoláirí agus leis an bpríomhoide.
- Páirt a ghlacadh anois is arís i gcruinniú na foireann tacaíochta do scoláirí lena n-áirítear comhairle agus tacaíocht ghinearálta a thabhairt.
- Tacú le scoileanna maidir le meastóireacht a dhéanamh ar fhoireann tacaíochta do scoláirí na scoile trí agallaimh le príomhbhaill foirne  agus an 'Seicliosta chun Tacú le Forbairt Foirne Tacaíochta do Scoláirí' a úsáid, (féach thíos).

### 5.2 Seicliosta chun Tacú le Forbairt Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Sula ndéantar foireann tacaíochta do scoláirí a bhunú, a fhorbairt nó a athbhreithniú moltar úsáid a bhaint as an *Seicliosta chun Tacú le Forbairt Foirne Tacaíochta do Scoláirí* (Aguisín 2) chun réimsí láidreachta agus riachtanais a aithint laistigh den chóras atá ann cheana.

### 5.3 Cé mhéad ama ba chóir a chaitheamh ar Bhunú\Athbhreithniú na Foirne Tacaíochta do Scoláirí?

Moltar bliain acadúil iomlán a chur isteach chun obair fhiúntach a dhéanamh le foireann tacaíochta do scoláirí a bhunú nó a athbhreithniú. Nuair a bheidh siad bunaithe ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoireann tacaíochta agus í a fhorbairt i gcaitheamh ama. Léirigh torthaí ó thionscadail na foirne tacaíochta do scoláirí gur mheas foireann na scoile go raibh líne ama an-úsáideach agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a bhfoireann tacaíochta do scoláirí. Chabhraigh sé leo díriú ar an obair agus cruth agus struchtúr a chur ar an obair chun foireann tacaíochta do scoláirí a fhorbairt.

## 6. Foireann Tacaíochta do Scoláirí a Chur i gCrích

### 6.1 Cé chomh minic ba chóir Bualadh le Chéile agus Cén Fhad?

Moltar, nuair a bhunaítear foireann tacaíochta do scoláirí, tréimhsí rialta ranga nó dhó in aghaidh na seachtaine a chur ar leataobh le haghaidh cruinnithe. Thug torthaí na dtionscadal le fios go ndeachaigh dhá chruinniú in aghaidh na seachtaine chun tairbhe níos mó d'Iar-Bhunscoileanna, ceann amháin don tsraith shóisearach agus an ceann eile don tsraith shinsearach. Má reáchtáiltear dhá chruinniú ar leith i scoil, moltar go reáchtálfadh an comhordaitheoir céanna gach cruinniú chun comhsheasmhacht agus fócas ar chur chuige scoile uile a chinntiú.

### 6.2 Cé ba chóir a Chur san áireamh i mBallraíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí?

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas i bPríomhbhallraíocht na foirne tacaíochta do scoláirí:

- ionadaí ceannaireachta - príomhoide nó leas-phríomhoide;
- treoirchomhairleoir;
- comhordaitheoir riachtanas oideachais speisialta;
- ionadaí ón bhFoireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil (CIMT);
- Comhordaitheoir na Foirne Pleanála Curaclaim um Fholláine don tSraith Shóisearach/ Comhordaitheoir Folláine na scoile uile;
- ceann bliana/teagascóirí foirne. (Ba cheart go mbeadh ballraíocht den bhfoireann tacaíochta do scoláirí mar ghnáthchuid de na dualgais atá ar cheann bliana, ach ní gá dóibh freastal ar gach cruinniú, nó ar chruinniú ar fad. Mar sin féin, ní mór go mbeadh a fhios ag na cinn bhliana cé hiad na scoláirí a bhfuiltear buartha fúthu mar is nasc ríthábhachtach iad sa phróiseas atreoraithe agus sa gcóras cumarsáide a oibríonn sa scoil).

I measc na mball eile den bhfoireann tacaíochta do scoláirí i scoileanna ina bhfuil na poist seo tá:

- múinteoir um Chaidreamh baile, scoile, pobail (HSCL),
- oifigeach um chríochnú scoile (SCO),
- séiplíneach,
- múinteoir tacaíocht iompraíochta,
- Comhordaitheoir OSPS.

D'fhéadfadh gur chóir do dhaoine eile páirt a ghlacadh i gcruinnithe áirithe, mar seo a leanas:

**Baill d'fhoireann na Scoile ag a bhfuil Ról Speisialtóra**

D'fhéadfadh go mbeadh ball foirne ann atá ag obair i ról speisialtóra nó, mar shampla, múinteoir ranga nó acmhainne atá ag obair le grúpa scoláirí a bhfuiltear an-bhuartha faoi.

**Tuismitheoirí/Caomhnóirí**

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí bualadh leis an bhfoireann anois is arís ar chúis faoi leith, mar shampla i gcás tionscadail a bhaineann le folláine scoláirí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaidh ball de chumann na dtuismitheoirí cur i láthair a dhéanamh thar ceann tuismitheoirí.

**Scoláire/Scoláirí**

Féadfar cuireadh a thabhairt do scoláirí bualadh leis an bhfoireann ar chúis faoi leith, mar shampla tionscadal a bhaineann le folláine scoláirí nó aiseolas ó chomhairle na scoláirí maidir le tionscnaimh folláine scoile uile.

**Gairmithe ó Ghníomhaireachtaí Seachtracha**

Gairmithe ó sheirbhísí nó ghníomhaireachtaí eile, leithéidí an síceolaí NEPS nó síceolaí ón mBOO; Féadfar cuireadh a thabhairt do chomhairleoirí NCSE agus d'Oifigigh Leasa Oideachais ó Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) chun acmhainní laistigh d'fhoireann tacaíochta do scoláirí a mheadú. Mar shampla, féadfaidh síceolaí NEPS freastal agus tacaíocht/oiliúint a chur ar fáil ar réimsí ar leith cosúil le cruinnithe éifeachtacha a reáchtáil, tionscnaimh ar nós an chláir athléimneachta óige FRIENDS, tionscnaimh RSO srl.

## 7. An Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí agus Córais Scoile Eile

### 7.1 Teagmhais Chriticiúla agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí

Féadfaidh ball d'Fhoireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil (CIMT) na scoile a bheith ar an bhfoireann tacaíochta do scoláirí. I gcás teagmhais chriticiúil, is dóigh go bhfaigheadh an CIMT tacaíocht ón bhfoireann tacaíochta do scoláirí le linn an teagmhais agus ina dhiaidh. Ina theannta sin, bheadh comhairliúchán leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí tábhachtach d'fhorbairt agus do mhonatóireacht leanúnach ar Phlean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil na scoile. I roinnt scoileanna glacann an fhoireann tacaíochta do scoláirí ról an CIMT de bharr go bhfuil rólanna agus freagrachtaí an dá fhoireann an-chosúil lena chéile.

Chuir aiseolas ó fhoireann na scoile a bhí bainteach le tionscadail na foirne tacaíochta do scoláirí go dtí seo béim ar luach an struchtúir agus an nós imeachta na foirne agus ar an tslí inar dhírigh ballraíocht na foirne seo a n-aird ar an "luach a bhaineann le cur chuige láidir scoile uile i leith tacaíochta do scoláirí". D'aontaigh foireann na scoile gur éascaigh sé an dea-chleachtas agus spreag sé iad chun "cloí ar shlí níos comhsheasmhaí le nósanna imeachta comhaontaithe".

### 7.2 Cosaint Leanaí agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí

Tá an Príomhoide, mar Dhuine Caidrimh Ainmnithe (DLP) freagrach as *Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (2017)* a chur i bhfeidhm agus déanann sé/sí maoirseacht ar gach saincheist a bhaineann le cosaint leanaí, lena n-áirítear tuairisciú don Bhord Bainistíochta. Faigheann an DLP tacaíocht ó leas-DLA. Mar sin féin, roinneann gach ball de phobal na scoile an fhreagracht as na nósanna imeachta seo a chur i bhfeidhm. Ós rud é gur féidir imní faoi chosaint leanaí a ardú i gcomhthéacs cruinnithe foirne tacaíochta do scoláirí, tá tábhacht ar leith ag baint le tuiscint shoiléir a bheith ag baill na foirne tacaíochta do scoláirí ar na nósanna imeachta maidir le Cosaint Leanaí agus ar a róil ina thaobh seo.

### 7.3 An Córas Tacaíochta Iompraíochta na Scoileanna agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí

Tá naisc láidre ag an bhfoireann tacaíochta do scoláirí le córas tacaíochta iompraíochta na scoile agus is féidir leo cláir choisctheacha a chur i dtoll a chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a thagann chun cinn.

**Sampla**

I ndiaidh meadú ar an gcumarsáid ó thuismitheoirí na 1ú bhliana faoina n-imní maidir le míshástacht a gcuid leanaí leis an aistriú go dtí an Iar-Bhunscoil, d'iarr foireann na scoile rannpháirteachas na foirne tacaíochta do scoláirí. I dteannta seo, d'iarr teagascóir na 2ú bliana tacaíocht tar éis ardú a theacht ar achrann agus iompar fisiciúil le linn am lóin. Aontaíodh go reáchtálfaí grúpaí fócais leis an 1ú agus an 2ú bliain le linn OSPS chun a fháil amach conas a mhothaigh dream na 1ú bliana maidir lena n-aistriú go dtí an meánscoil, Chomh maith le seo, iarradh tuairimí na 1ú agus na 2ú bliana ar na himeachtaí a bhí ar súil ag am lóin agus chun teacht ar shlite chun na fadhbanna a réiteach. Comhaontaíodh freisin go ndéanfadh líon níos mó de bhaill foirne monatóireacht ar thailte na 1ú agus na 2ú bliana ar feadh seachtaine chun na himeachtaí ag am lóin a mheas agus chun cabhrú cinneadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar chúrsaí chun iompar fisiciúil míchuí a laghdú. Tugadh coicís don bhfoireann chun an fhaisnéis seo a bhailiú agus aiseolas a thabhairt don bhfoireann tacaíochta do scoláirí, ionas go bhféadfaí idirghabhálacha iomchuí a chur i bhfeidhm. D'aontaigh an dá chinn bliana 1ú agus 2ú, na pleananna a phlé leis an bhfoireann teagaisc, de bharr go raibh freagracht orthu beirt as iompar na scoláirí agus as an gcód iompair a chur i bhfeidhm sna bliainghrúpaí seo. Tar éis breathnóireachta agus aiseolais ó scoláirí agus ón bhfoireann aontaíodh spás faoi leith a chruthú do chluichí liathróide, iarradh ar scoláirí sinsearacha obair go deonach mar mholtóirí sa chlós agus forbairt a dhéanamh ar spás faoi dhíon do chluichí boird agus imeachtaí eile. Rinne an fhoireann tacaíochta do scoláirí monatóireacht ar an gcumarsáid ó thuismitheoirí agus ar shaincheisteanna maidir leis an gclós a tháinig chun cinn le linn na tréimhse idirghabhála seo chun a chinntiú go mbeadh éifeacht leis na hidirghabhálacha.

Níl an fhoireann tacaíochta do scoláirí freagrach as smacht a chur i bhfeidhm tar éis iompair mhíchuí scoláirí ach ba cheart go gcuirfí ar an eolas iad agus go mbeidís eolach ar chód iompair na scoile agus ar pholasaithe ábhartha.

### 7.4 Treoir agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí

I bplean treorach na scoile uile déantar cur síos ar an gclár treorach scoile agus sonraítear ann an chaoi a gcaithfear aghaidh a thabhairt ar riachtanais treorach gach scoláire. Tá an treoirchomhairleoir ina bhall d'fhoirne tacaíochta seanbhunaithe do scoláirí a bhfuil sainchúram acu ar chur chun cinn na folláine scoile uile ag an tSraith Shóisearach agus Shinsearach. Is féidir leis an scoil leas a bhaint as saineolas an Treoirchomhairleora maidir le foghlaim faoi threoir a bhaineann le cur chun cinn na folláine a phleanáil, a chomhordú agus a sheachadadh sa scoil uile. Cuirfidh polasaithe scoile mar an Polasaí Measúnaithe Scoile, an Polasaí Rúndachta Scoile agus an Polasaí um Thoiliú Tuismitheora a forbraíodh mar chuid de phlean treorach na scoile uile bonn eolais faoi obair na foirne tacaíochta do scoláirí.

D'fhéadfadh ról a bheith ag treoirchomhairleoir (treoirchomhairleoirí) i bpleanáil agus i seachadadh an Chláir Folláine don tSraith Shóisearach. Tá de cheart ag scoileanna cinneadh a dhéanamh iad féin ar an gcaoi ar féidir leo Treoir a bheith mar chuid dár gClár Folláine don tSraith Shóisearach. Soláthraíonn an *Creat don Treoir Scoile Uile* (Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachais (NCGE), 2017) acmhainn úsáideach chun tacú le pleanáil a bhaineann leis an bhfoghlaim sa Chlár Folláine.

Tá ról ag an treoirchomhairleoir maidir le cur chun cinn folláine i gcomhthéacs na scoile uile, i gcomhthéacs na scoile i gcoitinne, mar aon le ról sa tSraith Shinsearach.

## 8. Freagrachtaí bhaill na Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Agus foirne tacaíochta do scoláirí á mbunú nó á n-athbhreithniú, moltar go ndéantar freagrachtaí na bpríomhbhaill foirne a chomhaontú, a thaifeadadh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu uair sa bhliain.

I measc na ngnáthfhreagrachtaí atá ar an bPríomhfoireann tá róil an **chomhordaitheora, an chathaoirligh agus an té a bhreacann miontuairiscí**. Féadfaidh an príomhoide freagracht an chomhordaitheora a ghlacadh, i dtosach báire ar a laghad, chun a chinntiú go ndéanfar tús maith. Le himeacht ama, áfach, féadfaidh an príomhoide ball eile den bhfoireann a cheapadh sa ról seo. Is féidir na trí phríomhról seo a athrú ó dhuine go duine gach bliain ach ba cheart luach na taithí a chur san áireamh agus na róil seo á n-athrú, toisc go bhfuil éifeachtacht fhoriomlán na bpost seo ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtach na foirne. Moltar leas-chomhordaitheoir a cheapadh freisin a d'fhéadfadh a bheith i gceannas mura mbíonn an comhordaitheoir ar fáil.

Féadfaidh an **comhordaitheoir**:

- cruinnithe a eagrú agus a ullmhú;
- foirmeacha iarratas ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí a bhailiú, ag cinntiú cothromaíocht sna cásanna agus saincheisteanna don chlár oibre (féach cuid 10 ag coimeád taifid le haghaidh tuilleadh faisnéise);
- a bheith i dteagmháil roimh na cruinnithe le haon lucht freastail breise agus socrú a dhéanamh go mbeidh na cinn bhliana ábhartha, múinteoirí eile, tuismitheoirí/caomhnóirí, scoláirí i láthair más gá;
- aon lucht freastail nua a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna agus nósanna imeachta;
- a chinntiú go scaiptear aon doiciméadacht atá le roinnt roimh ré;
- dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí ábhartha agus, más iomchuí, le tuismitheoirí/caomhnóirí;
- aiseolas a shocrú do na gníomhaireachtaí agus na tuismitheoirí sin;
- a chinntiú go gcoinnítear baill foirne ábhartha ar an eolas faoi chinntí/gníomh iomchuí;
- tacaíocht a thabhairt maidir le forbairt critéar chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú an chórais tacaíochta do scoláirí.

Féadfaidh an **cathaoirleach**:

- struchtúr a chur ar chruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí de réir an ama leithdháilte agus an chláir oibre;
- gach ball foirne tacaíochta do scoláirí a tharringt isteach sa phlé;
- gníomhartha a shannadh do bhaill na foirne tacaíochta do scoláirí ag an gcruinniú;
- a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí a aontaíodh orthu roimhe seo mar chuid den chlár oibre ag cruinniú foirne tacaíochta do scoláirí a reáchtáiltear ina dhiaidh sin;
- atreorú cuí a dhéanamh nó tascanna a leithdháileadh ar dhuine eile;

Féadfaidh an **té a bhreacann na miontuairiscí/maor ama**:

- a chinntiú go scríobhtar cuntas den cruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí ar theimpléad cruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí;
- a chinntiú go bhfuil taifid chruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí slán agus go scaiptear iad i gcomhréir leis an gcóras agus na riachtanais a bhaineann le RGCS;
- súil a choinneáil ar am i gcruinnithe le tacú le comhlánú an chláir oibre.

Maidir lena ról sonrach sa scoil, féadfaidh baill na foirne tacaíochta do scoláirí thíos na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

Féadfaidh an **treoirchomhairleoir:**

- faisnéis faoi scoláirí áirithe a roinnt mar is cuí agus laistigh de theorainneacha na rúndachta;
- toiliú tacaíocht leanúnach nó idirghabhálacha sonracha a thabhairt do scoláirí aonair mar thoradh ar an gcruinniú;
- tacú le múinteoirí ranga ina gcuid oibre;
- a bheith i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha;
- a bheith mar nasc do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil imní orthu faoina gcuid leanaí;

comhordú a dhéanamh ar thionscnaimh folláine scoile uile.

Féadfaidh an **comhordaitheoir riachtanas oideachais speisialta:**

- faisnéis speisialaithe a roinnt ar scoláirí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu;
- comhairle a thabhairt maidir le hoiriúnacht tacaíochtaí do scoláirí áirithe;
- toiliú tacaíocht leanúnach nó idirghabhálacha sonracha a sholáthar do scoláirí aonair nó do ghrúpaí scoláirí;
- faisnéis agus/nó comhairle a sholáthar do mhúinteoirí ranga de réir mar is gá;
- a bheith i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha;
- a bheith i gcomhairle le tuismitheoir/caomhnóirí de réir mar is gá.

Féadfaidh an **ceann bliana/teagascóir foirme:**

- faisnéis a chur i dtoll a chéile ó mhúinteoirí maidir le scoláirí nó saincheisteanna áirithe;
- aiseolas a thabhairt don bhfoireann teagaisc/ tacaíochta ábhartha;
- teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí / caomhnóirí agus a bheith ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh/tacaíocht a thabhairt do scoláirí aonair.

Féadfaidh an **comhordaitheoir ó Fhoireann Pleanála Curaclaim Folláine na Sraithe Sóisearaí:**

- tacú leis an bpleanáil agus leis an amchlár do churaclam folláine na Sraithe Sóisearaí agus faisnéis a roinnt leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí de réir mar is gá
- tacaíochtaí/cláir/tionscnaimh chuí a mholadh do ranganna
- comhairliúcháin a eagrú le scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne chun a gcuid tuairimí agus moltaí a bhailiú maidir le folláine na Sraithe Sóisearaí nó cur chun cinn folláine na scoile uile
- tionscnaimh agus cláir folláine na Sraithe Sóisearaí a mheas
- pleanáil maidir le clár/tionscnamh nua chun freastal ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn sa tSraith Shóisearach

(In Aguisín 3 tugtar teimpléad chun cabhrú le scoileanna róil a shainiú laistigh d'fhoirne tacaíochta do scoláirí)

**Sampla**

Oibríonn beirt bhall foirne leis an scoláire céanna chun tacú leis an bhfoghlaim. Pléann an bheirt mhúinteoirí atá ag deileáil le deacrachtaí litearthachta agus matamaitice an scoláire agus déanann an bheirt acu cumarsáid le tuismitheoirí a chuir imní in iúl maidir le dúbailt oibre agus an mearbhall a bhí ar an scoláire maidir le cén múinteoir atá freagrach go ginearálta as tacú leis. Mar thoradh ar an aiseolas seo d'eagraigh comhordaitheoir na foirne tacaíochta do scoláirí cruinniú idir an bheirt mhúinteoirí. Roinneadar beirt a gcuid pleananna agus rinneadh comhordú orthu. Aontaíodh múinteoir amháin a chur i gceannas dá mbeadh gá dul i dteagmháil leis na tuismitheoirí amach anseo.

### 9. Cumarsáid agus Foirne Tacaíochta Éifeachtacha do Scoláirí

Beidh tionchar suntasach ag struchtúr agus feidhmiú na foirne ar fhorbairt agus ar chothú dea-chumarsáide go hinmheánach agus le baill foirne eile na scoile agus le gníomhaireachtaí seachtracha. Beidh sé seo ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar an obair.

**Thug scoileanna a ghlac páirt i dtionscadail na foirne tacaíochta do scoláirí le fios:**

- bhain foireann na scoile uile leas as seisiún faisnéise ag tús na scoilbhliana faoi ról agus feidhm na foirne tacaíochta do scoláirí agus faoi nósanna imeachta a bhain le atreorú scolaire laistigh den scoil;
- an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoin bhfoireann tacaíochta do scoláirí agus an chuspóir atá léi sa scoil. Thug scoileanna le fios na bealaí éagsúla chun an fhaisnéis seo a chur ar aghaidh chuig tuismitheoirí lena n-áirítear, faisnéis i nuachtlitir na scoile, oíche faisnéise do scoláirí a bheidh ag teacht isteach sa 1ú bhliain agus trí réamheolaire na scoile.

### 9.1 Cumarsáid sa Scoil

Moltar baill foirne a aithint i gcruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí le faisnéis a chur in iúl go héifeachtach do bhaill foirne eile. Mar shampla, b'fhéidir go gcaithfear múinteoirí ranga an scoláire a chur ar an eolas maidir le fadhb agus na bearta atá ag teastáil, b'fhéidir go gcaithfear Cúntóir Riachtanas Speisialta a chur ar an eolas faoi idirghabháil áirithe atá ag teastáil agus an ról a d'fhéadfadh sé/sí a ghlacadh chun a chinntiú go ndéantar an cleachtas a chur in oiriúint. Ba cheart taifead a dhéanamh de na straitéisí a aontaíodh orthu sa phlean tacaíochta don scoláire agus iad a chur in iúl do bhaill de phobal na scoile a bhfuil baint acu le tacú leis an scoláire/na scoláirí.

### 9.2 Cumarsáid le Tuismitheoirí

- Conas is féidir le scoileanna ról agus feidhm na foirne tacaíochta do scoláirí a chur in iúl do thuismitheoirí?
- is féidir le ball den bhfoireann tacaíochta do scoláirí aird a dhíriú ar ról na foirne tacaíochta do scoláirí ag an gcruinniú do thuismitheoirí na 1ú bliana;
- is féidir tagairt a dhéanamh don ról i a) foirm clárúcháin scoile nó b) polasaithe ábhartha scoile;
- is féidir tuairisc ar an bhfoireann tacaíochta do scoláirí a leagan amach ar shuíomh gréasáin na scoile;
- is féidir cur síos a dhéanamh ar ról agus feidhm na foirne tacaíochta do scoláirí in ailt i nuachtlitir na scoile;
- is féidir tagairt a dhéanamh don bhfoireann tacaíochta do scoláirí in iris obair bhaile na scoile;
- más é an chéad uair atá imní faoi scoláire agus má tá sé ar an gclár oibre don chruinniú foirne tacaíochta do scoláire, d'fhéadfadh ball ainmnithe den bhfoireann teagmháil a dhéanamh lena t(h)uismitheoirí roimh ré ar an bhfón chun an imní a chur in iúl dóibh agus chun an próiseas atá i gceist a chur i gcuimhne dóibh.

### 9.3 Cumarsáid le Gníomhaireachtaí Eile

Tá sé riachtanach faisnéis a bheith ag an bhfoireann tacaíochta do scoláirí faoi na seirbhísí agus na gníomhaireachtaí éagsúla a sholáthraíonn tacaíocht go háitiúil agus faoi nósanna imeachta chun dul i muinín na seirbhísí seo, (féach Aguisín 4 le haghaidh sampla de Doiciméad Liosta Teagmhála).  Is féidir le comhdhéanamh gníomhaireachtaí agus seirbhísí athrú ó am go chéile agus mar sin tá sé tábhachtach athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil agus ar nósanna imeachta atreoraithe a bhaineann leo.

## 10. Nósanna Imeachta na Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Cé go bhfuil an-éagsúlacht i scoileanna, tá príomhghnéithe ann atá riachtanach chun foireann tacaíochta do scoláirí a choimeád:

- Tá sé riachtanach **amanta rialta do chruinnithe a shainiú**. Moltar don bhfoireann bualadh le chéile uair sa tseachtain.  Cé chomh minic a thionóltar cruinniú, más gach seachtain, gach coicís nó i gceann tréimhsí eile ag brath ar ar riachtanais agus méid na scoile agus ar neasacht na faidhbe Ní haon chabhair é cruinnithe a reáchtáil go hannamh agus go neamhrialta. Ní bheidh mar thoradh ach próiseas lochtach agus deacrachtaí aghaidh a thabhairt i gceart ar shaincheisteanna agus cur chuige frithghníomhach i réim dá bharr seo, seachas an fhoireann a bheith dírithe ar iarrachtaí seasamh roimh fadhbanna.

**Samplaí ó scoileanna a glac páirt sa thionscadail:**

Cuireadh rang dúbailte ar leathaobh gach seachtain do cruinniú foirne tacaíochta do scoláirí i scoil ina bhfuil 1100 scoláire inti. Bhain an chéad rang le saincheisteanna/riachtanais na sraithe sóisearaí agus bhain an dara ceann leis an tsraith shinsearach. Bhí cruinniú seachtainiúil ag scoil le 250 scoláire a mhair ar feadh rang amháin agus ní ndearnadh aon idirdhealú idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach.

- Ní mór dóthain ama a chur ar fáil don ullmhúchán chun go mbainfear an úsáid is fearr as an am, mar shampla, cruinnithe a shocrú tamall maith roimh ré.
- Uaireanta ní bheidh gach ball ar fáil do gach cruinniú, ach fad is a bheidh tromlach na mball ar fáil ba chóir dul ar aghaidh le cruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí. Ba cheart don chomhordaitheoir nó don duine ainmnithe a comhaontaíodh ag an gcruinniú dul i dteagmháil leis an duine\daoine nach raibh i láthair agus iad  a chur ar an eolas faoi fhaisnéis agus cinntí ábhartha a glacadh.
- Ba chóir do dhuine atá ainmnithe ag an bhfoireann tacaíochta do scoláirí an cruinniú a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as teimpléad an chruinnithe agus na gníomhartha a comhaontaíodh a scaipeadh ar bhaill na foirne tacaíochta do scoláirí tar éis an chruinnithe. Ba cheart don bhfoireann tacaíochta do scoláirí taifid teimpléid an chruinnithe a choinneáil faoi rún. Ag brath ar ghníomhartha a comhaontaíodh, is féidir baill ar leith den bhfoireann tacaíochta do scoláirí a shannadh chun obair leantach a dhéanamh leo siúd a chuir scoláirí chun cinn mar aon le haon duine eile. Sa chás go bhfuil plean tacaíochta do scoláire ann nó má tá sé ag teastáil, féadfar gníomhartha a chomhaontaigh an fhoireann tacaíochta do scoláirí a chur leis an bplean.

- Nósanna Imeachta um Thaifead a Choinneáil. Tá dhá phríomhchineál faisnéise ann:
  i. Foirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí (Aguisíní 5a-5c)
  ii. Taifead Cruinnithe agus Teimpléad Cruinnithe na Foirne Tacaíochta do Scoláirí (Aguisíní 6a- 6b).
- Is féidir an Fhoirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí a thaifeadadh mar chóip chrua nó bog, agus é a chur i gcomhad tacaíochta an scoláire agus a stóráil go sábháilte. Is féidir Taifead Cruinnithe na Foirne Tacaíochta do Scoláirí a stóráil slán sábháilte i gcomhad cruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí agus is féidir le foireann ceannaireachta na scoile é a choimeád.
- Tá sé tábhachtacht go bhfuil soiléireacht ag baint le **foirmeacha Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí do chásanna agus fadhbanna agus go bhfuil fáil éasca orthu**. Is fearr roinnt solúbthachta a bheith ann ach ba chóir go n-oirfeadh an bealach teacht ar an eolas seo do riachtanais na scoile agus go mbeadh an líon is lú daoine rannpháirteach ann. Is féidir scoláirí atá aitheanta ag seirbhísí seachtracha nó ag tuismitheoirí/caomhnóirí le haghaidh rannpháirtíochta na Foirne tacaíochta do scoláirí a atreorú tríd an bpríomhoide. Tá foirm Iarratais shamplach ar Rannpháirtíocht ar fáil thíos agus tá teimpléid eile a chuir scoileanna i dtoll a chéile le fáil in aguisíní 5a-c.

**Foirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí ar mhaithe le Folláine Scoláirí**

**Ainm an mhúinteora: An tUasal Kelly Ról: Teagascóir foirme**

**Ainm an Scoláire: Tom Bliain: 2ú bliain**

**Tabhair breac-chuntas ar an bhfadhb**

Tá Tom ag diúltú teacht ar scoil. Tugann sé íde béil dá mháthair sa bhaile (Bn Uí Dhochartaigh) agus bhagair sé dochar a dhéanamh dó féin nuair a dhéanann sí iarracht é a chur chuig an scoil. Chuaigh Bn Uí Dhochartaigh chuig an dochtúir teaghlaigh le Tom ach níl sí sásta leis an toradh mar ní bhfuair sé atreorú chuig seirbhísí seachtracha. Ar na laethanta a fhreastalaíonn Tom ar scoil bíonn sé múinte de ghnáth ach tá sé ag cur isteach ar ranganna Gaeilge le déanaí. Bíonn sé ag buaileadh le grúpa buachaillí ón mbliain chéanna leis agus is cosúil go bhfuil grúpa cairde seasmhach aige.

**Leibhéal Leanúntas Tacaíochta: Tacaíocht do Chách/Roinnt/Beagán**

Níl aon tacaíocht bhreise á fáil ag Tom sa scoil faoi láthair. Go dtí seo ní raibh aon riachtanais aige.

- **Gníomhartha a rinneadh cheana féin** Bhí Bn. Uí Dhochartaigh i dteagmháil leis an gceann bliana agus d'aontaigh siad go dtabharfaidh sí Tom isteach chuig an scoil nuair a bheadh sé réidh, fiú má bhíonn sé déanach.

- D'iarr an ceann bliana ar an Oifigeach Caidrimh Baile, Scoile, Pobail teagmháil a dhéanamh le Bn. Uí Dhochartaigh.
- Thug an tOifigeach Baile, Scoile, Pobail cuairt bhaile agus fuair sí amach go raibh Bn. Uí Dhochartaigh trí na chéile agus go raibh sí sásta aon tacaíocht a lorg.
- Tairgeadh seisiúin leis an treoirchomhairleoir do Tom agus dhiúltaigh sé iad.

**Conas is féidir leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí cabhrú, dar leat?**

- Tairiscint ar threoir shonrach maidir le hidirghabhálacht a úsáideadh sa scoil roimhe seo maidir le drogall freastal.
- Seiceáil an bhfuil comhairle nó moltaí ó NEPS ag teastáil.
- Cuir comhairle ar Bn. Uí Dhochartaigh maidir leis na bealaí atreoraithe is oiriúnaí chuig gníomhaireachtaí seachtracha.

Ainm agus Ról: Mark Kelly, teagascóir foirme. Dáta: 09/10/22

## 11. Próisis Chruinnithe d'Fhoirne Tacaíochta do Scoláirí

Tá na nósanna imeachta do chruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí bunaithe ar na prionsabail dea-chleachtais céanna agus a bhaineann le cruinniú ar bith:

- cuspóir an chruinnithe a shoiléiriú;
- athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha a comhaontaíodh ag an gcruinniú deireanach agus tuairisciú ar dhul chun cinn go dtí seo;
- a chinntiú go n-éistear le gach tuairim, mar aon le cleachtas de thuairimíocht tuisceanacha, dearfacha, réamhghníomhacha ó chách a chur chun cinn i measc iad siúd a fhreastalaíonn ar an gcruinniú;
- fanacht laistigh de sceideal ama agus cloí leis an gclár oibre comhaontaithe;
- cinntí a glacadh agus bearta molta a thaifeadadh;
- dáta a shocrú don chéad chruinniú eile.

Nuair is féidir, úsáidtear cur chuige comhoibritheach chun cinntí a ghlacadh ach ó am go chéile, b'fhéidir go mbeidh ar an gcathaoirleach cinneadh a dhéanamh é féin, mura féidir teacht ar chomhaontú. Ba cheart d'fhoireann tacaíochta do scoláirí gan breithiúnais a thabhairt agus cur chuige struchtúrtha a réitíonn fadhbanna a úsáid (féach thíos). Féadfaidh baill na foirne tacaíochta do scoláirí tairbhe a bhaint as teacht ar fhorbairt ghairmiúil maidir le cruinnithe éifeachtacha a reáchtáil. Is féidir le síceolaí NEPS na scoile, má iarrtar é, comhairle a thabhairt maidir le struchtúr úsáideach díospóireachta le cásanna agus le pleananna gníomhaíochta a héascú.

**Mar thoradh ar chur chuige atá dírithe ar réiteach is féidir idirghabháil ghearrthéarmach a chur i bhfeidhm agus is féidir é seo a mheas go héasca. Seo a leanas, cur chuige atá dírithe ar réiteach:**

- leagann sé béim ar idirghabhálacha gearrthéarmacha atá dírithe ar spriocanna;
- díríonn sé ar theacht ar réiteach seachas anailís a dhéanamh ar chúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le fadhb;
- lorgaíonn sé gnéithe den réiteach atá ar fáil cheana féin, is é sin, cuir tús le sprioc is furasta a bhaint amach;
- fiosraíonn sé conas a mbeidh rudaí difriúil agus cad atá le déanamh chun go gcuirfidh na hathruithe sin i gcrích;
- forbraíonn sé plean gníomhaíochta;
- déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta;

**B'fhéidir go dtugann an struchtúr seo a leanas cur chuige úsáideach maidir le cás.**

| | |
|---|---|
| Céim 1 | **Mínigh an fhadhb -**<br>Tosaíonn an cruinniú le **ráiteas faoin imní ó thaobh iompraíochta de**"Dean ———-, tar éis a bheith curtha ar fionraí mar gheall ar throid le scoláire eile ag na taisceadáin, thug sé íde béil d'Iníon Uí ——— ina rang sular shiúil sé amach as an seomra" |
| Céim 2 | **Déan athbhreithniú ar an bhfaisnéis** -<br>Bíonn **athbhreithniú ar a bhfuil ar eolas** faoi Dean ansin – a chúlra agus eolas ábhartha eile ó thaifid scoile. |
| Céim 3 | **Bailigh tuilleadh faisnéise** -<br>Scrúdaítear a bhfuil ar eolas faoi na **ranganna nó na cásanna ina dtarlaíonn an t-iompar.** An bhfuil **patrún/ceangal ann**? Cathain nach dtarlaíonn an t-iompar? Más féidir, cuir na príomhchúiseanna imní i dtoll a chéile agus cuir **in ord tosaíochta** iad. |
| Céim 4 | **Sainaithin na chéad chéimeanna eile -**<br>Sainaithin **faisnéis eile a theastaíonn** chun an cás a chur chun cinn. |
| Céim 5 | **Comhaontaigh gníomhartha agus déan Athbhreithniú -**<br>**Sainaithnítear bearta** a d'fhéadfaí a dhéanamh - lena n-áirítear gníomhartha láithreach; gníomhartha sa mheántéarma agus sa fhadtéarma. Cé hiad na daoine nach mór labhairt leo? Cá a labhróidh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí srl? |

**Is féidir an struchtúr seo a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna grúpa/scoile uile:**

| | |
|---|---|
| Céim 1 | **Tosaíonn an cruinniú le ráiteas faoin imní i faoi chúrsaí iompraíochta:**<br>"Measann múinteoirí nach bhfuil lucht na 1ú bhliana ag nascadh lena chéile ná le foireann na scoile agus go bhfuil réimse saincheisteanna á dtaispeáint acu, mar shampla, troid laistigh de ghrúpaí, gan pháirt a ghlacadh in imeachtaí shóisialta agus leibhéal ard neamhláithreachta." |
| Céim 2 | Seo a leanas **athbhreithniú ar a bhfuil ar eolas** faoi lucht na 1ú bhliana -<br>Is é seo an bliainghrúpa is mó na 1ú bhliana a chláraigh an scoil riamh agus tá leibhéal ard scoláirí ann a bhfuil riachtanais chasta acu. Bhí an grúpa bríomhar agus corraitheach ón gcéad lá; Maraíodh scoláire a raibh an-cháil air sa bhliain i dtimpiste bhóthair le linn na chéad téarma. Thug múinteoirí le fios gur tháing athrú in atmaisféar an ghrúpa agus bíonn sé deacair orthu iad a bhainistiú agus nasc a chothú leo. |
| Céim 3 | **Scrúdaítear a bhfuil ar eolas faoi na ranganna nó na cásanna ina dtarlaíonn an iompraíocht. An bhfuil patrún/nasc ann? Más féidir, déan na príomhchúiseanna imní a chur i dtoll a chéile agus cuir in ord tosaíocht iad**.<br>Tá líon ard scoláirí ag a bhfuil riachtanais bhreise i ndá rang. Tagann an chuid is mó de na deacrachtaí iompraíochta chun cinn i ranganna matamaitice, Gaeilge agus Fraincise. |
| Céim 4 | **Sa chás go dteastaíonn faisnéis eile chun an cás a chur chun cinn, aithnítear an fhaisnéis seo.**<br>Bailigh tuilleadh faisnéise ar phatrúin neamhláithreachta (cad iad na ranganna agus na laethanta).<br>Scrúdaigh riachtanais RSO na ndaoine sin sa Mhatamaitic, sa Ghaeilge agus sa Fhraincis agus pléigh féidearthachtaí leis an bhfoireann tacaíocht foghlama. Bailigh ainmneacha na ndaoine a bhfuil baint acu le troid laistigh de ghrúpaí agus scrúdaigh aon phatrúin nó naisc. |
| Céim 5 | **Sainaithnítear bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh agus comhaontaítear dáta athbhreithnithe - lena n-áirítear gníomhartha a dhéantar láithreach; sa mheántéarma agus sa fhadtéarma. Cé hiad na daoine nach mór labhairt leo? Cé a labhróidh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí srl?**<br>■ Déan ath-leithdháileadh ar am CRS ar na ranganna ag a bhfuil na riachtanais RSO is mó acu<br>■ Cuir tús le córais duaiseanna seachtainiúla do thinreamh<br>■ Déan tairiscint ar thacaíocht do mhúinteoirí maidir le bainistíocht an tseomra ranga<br>■ Trí OSPS, déan iniúchadh ar bhriseadh croí agus ar chumha tar éis bháis. Téigh i gcomhairle leis na scoláirí agus iad ag pleanáil ocáide i gcuimhne ar an scoláire a fuair bás<br>■ Déan athbhreithniú i gceann 4 seachtaine |

## Plean Samplach Idirghabhála

**Imní:**

- Labhair teagascóir na dara bliana le ceann bliana faoi Shane. Scoláire is ea é a bhíonn éasca de ghnáth ach tugadh faoi deara le déanaí go raibh 'drochspíon' air agus nach raibh an oiread sin cainte ar siúl aige lena chairde agus mar a bhíodh roimhe seo.
- Luaigh triúr múinteoirí ranga leis an bpríomhoide agus leis an gceann bliana go raibh athrú tagtha ar iompar Shane. Labhair Shane le cúpla múinteoirí agus sotal in a chuid cainte agus ba mhinic gan é dírithe ar thasc a bhí idir láimhe. Labhair an ceann bliana le Shane a dúirt leis agus nach raibh á iompar sásúil. D'fheagair Shane ag rá 'nach raibh faic cearr' agus 'nach raibh a fhios aige cén fath'. Cé nach raibh iompar Shane tromchúiseach fós, d'athreoraigh an ceann bliana é chuig an bhfoireann tacaíochta do scoláirí toisc go raibh an t-iompar neamhghnách agus gur tháinig athrú tapa air.
- Ag an gcruinniú, thug athbhreithniú ar a raibh ar eolas faoi Shane le fios nach raibh aon rud faoi leith a bhain leis an teaghlach curtha ar shúile na scoile le linn gnáth-theagmhálacha leis na tuismitheoirí uile. Measadh gur scoláire meánchumais é a raibh caidreamh maith aige le múinteoirí agus bhí grúpa cairde aige.

I ndiaidh athbhreithnithe ar na buarthaí, cinneadh:

- go labhródh an ceann bliana le tuismitheoirí Shane faoi thuairimí na scoile;
- go mbuailfeadh an treoirchomhairleoir le Shane;go scaipfí foirm tuairiscithe múinteora ar a chuid mhúinteoirí;

Ag an gcéad chruinniú eile rinneadh athbhreithniú ar an eolas a bhí ar fáil faoi Shane.

- Scar thuismitheoirí Shane óna chéile le déanaí agus dúirt a mháthair go raibh  fearg air faoi imeacht a athar.
- Thug tuairiscí múinteoirí Shane le fios nach raibh ag éirí chomh maith leis sa Staidéar Gnó agus sa Tíreolaíocht ach nach raibh aon chúis imní nach raibh aon hábhair eile.
- Fuair an treoirchomhairleoir amach in a fhios ag Shane cad a bheadh ag tarlú i ndiaidh dá thuismitheoirí scaradh agus bhí sé buartha go n-imeodh a athair óna shaol.

**Gníomhartha:**

- Socraíodh go leanfadh an Treoirchomhairleoir ar aghaidh ag bualadh le Shane agus ag roinnt a chuid imní lena thuismitheoirí dá mbeadh Shane sásta leis sin
- Dhéanfadh an fhoireann monatóireacht ar dhul chun cinn agus phléidís an scéal le síceolaí NEPS más gá. D'úsáidfí an Córas Lean In & Lean Out chun cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann agus chun cur síos a dhéanamh ar na gníomhartha a bhí riachtanach (féach Aguisín 7)
- Go ndéanfaí athbhreithniú foirmiúil i gceann 3 seachtaine ag cruinniú na foirne tacaíochta do scoláirí

### 11.1 Athbhreithnithe

Moltar athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar obair agus ar ról na foirne. Tugann sé seo deis próifíl a chur i dtoll a chéile de na scoláirí atreoraithe. Cabhraíonn sé freisin chun a fháil amach an bhfuil patrúin nó saincheisteanna soiléire ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh tacú le tionscnaimh a aithint ag an leibhéal Gach, Roinnt agus Beagán de chuid Leanúntas Tacaíochta na scoile le haghaidh na bliana dar gcionn. Cé gur féidir féachaint ar an gcleachtadh seo mar thasc deacair ag deireadh na bliana acadúla, bainfidh luach praiticiúil leis maidir le haon athruithe riachtanacha don bhliain atá le teacht. Is uirlis úsáideach é an ***Seicliosta chun Tacú le Forbairt Foirne Tacaíochta do Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna (Aguisín 2)*** **chun tacú leis an athbhreithniú.**

Ina theannta sin, éascóidh athbhreithniú ar chomhdhéanamh agus ar eagrú na foirne scrúdú a dhéanamh ar áit na foirne i gcóras tacaíochta na scoile, is é sin, cad iad na córais eile atá ag feidhmiú a d'fhéadfadh a bheith ag forluí ar obair na foirne seo? Is féidir an gá le hathruithe agus leasaithe agus ar an gcaoi a n-oibríonn agus a nascann an córas scoile i gcoitinne a aithint freisin.

## 12. Rúndacht agus an Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí

I gcomhthéacs foirne tacaíochta do scoláirí tá dhá ghné ann maidir le ceist na rúndachta.

Baineann an chéad cheann le freagrachtaí na ndaoine sin a oibríonn go díreach le leanaí agus le daoine óga ó thaobh a ndualgas cúraim de. Is é an dara ceann an gá atá le cothromaíocht a fháil idir, ar thaobh amháin, múinteoirí a choinneáil ar an eolas a dhóthain le cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus ar an taobh eile, nochtadh faisnéise pearsanta faoi scoláirí agus a dteaghlaigh nach bhfuil riachtanach a sheachaint.

Ó am go chéile, teastaíonn an deis ó gach duine a oibríonn le scoláirí a dtuairimí agus mothúcháin phearsanta a chur in iúl faoi shaincheisteanna a thagann chun cinn. Mar sin féin, níor cheart cruinnithe foirne tacaíochta do scoláirí a úsáid ach amháin mar dheis do dhaoine fásta a gcuid frustrachais a chur in iúl. Ba cheart cloí le teorainneacha gairmiúla i bplé faoi dhaoine óga agus ba cheart d'fhoirne a chinntiú go n-úsáidtear faisnéis fhíorasach agus cinntí á ndéanamh ar chur chuige.

Úsáidtear an abairt 'ar bhonn riachtanais eolais' go minic ach tá sé deacair leibhéal an 'riachtanais' a mheas. Ba cheart cúis a thabhairt do mhúinteoirí a n-iarrtar orthu a gcuid teagaisc nó a n-idirghníomhaíochtaí le scoláirí a athrú chun cabhrú leo iompar scoláire a thuiscint. Mar sin féin, b'fhéidir nach gá go mbeadh sonraí cruinn agus beacht acu ar an imní agus níor cheart iad seo a roinnt ach le toiliú an scoláire/an teaghlaigh. Ba chóir aon mhúinteoir le scoláire a fhaigheann tacaíocht a chur ar an eolas, más féidir, faoin tacaíocht agus cá fhad a fhéadfaidh sé leanúint ar aghaidh. Is *bealach é an córas Lean In & Lean Out*(Aguisín 7) chun cumarsáid a dhéanamh i scoil ghnóthach faoi scoláirí a d'fhéadfadh an saol a bheith ag dul crua dó\dí.

D'úsáid scoileanna a ghlac páirt sa tionscadal an córas Lean In & Lean Out agus thug siad le fios gur bealach éifeachtach é le chur in iúl go raibh riachtanais ag scoláirí gan rúndacht a bhriseadh. Is fearr a oibríonn an cur chuige seo nuair a bhíonn caidreamh dearfach ag múinteoirí le scoláirí. Teastaíonn breithiúnas na múinteoirí ar úsáid an chur chuige seo agus cuirtear leasaithe i bhfeidhm nuair is gá.

Meastar go mbaineann scoláirí ar an liosta Lean In leas as beagán aire sa bhreis, beagán spreagtha agus tacaíochta. Coinníonn múinteoirí súil ghéar ar na scoláirí agus bíonn sé le feiceáil go bhfuil aire agus cúram á fháil acu. Bíonn na múinteoirí ag faire amach ar chomharthaí struis, athruithe ar iompar agus ar rudaí ag dul chun donais.

Tá scoláirí ar an liosta Lean out (ar a dtugtar Focus out chomh maith) a bhfuil crá croi orthu freisin. Mar gheall ar roinnt chuinsí, d'fhéadfadh go rachadh spás intinne agus spás leo féin chun tairbhe dóibh. Tagann fearg ar roinnt scoláirí nuair a chuirtear isteach orthu nó má fhaigheann a gcuid mothúcháin an ceann is fearr orthu, rud a fhágann go mbraitheann siad níos cumhachtaí. Má ghoilleann rudaí orthu agus má táthar faoi strus, faoi bhagairt nó má mhothaíonn siad nach dtuigtear iad tá gach seans go léireoidh siad an crá.

Mhínigh scoileanna an córas dá bhfoireann ag cruinniú foirne iomlán. Bhí dhá bhileog clúdaithe ag roinnt scoileanna ar chlár na bhfógraí sa seomra foirne ar a raibh ainmneacha na scoláirí a raibh riachtanais acu. Cuireadh na hainmneacha cothrom le dáta ar bhonn seachtainiúil. Leis an gclúdach cinntíodh nach bhfeicfeadh cuairteoirí nó scoláirí a bheadh ag dul isteach sa seomra foirne liosta na scoláirí. Féadfaidh baill foirne a mheas gurbh fhearr ceannlitreacha scoláirí agus ainm an ranga a úsáid. Chuir scoileanna eile an liosta chuig an bhfoireann trí ríomhphost gach seachtain chun iad a chur ar an eolas faoi na scoláirí a raibh riachtanais acu.

Tá sé tábhachtach meas a bheith acu ar phríobháideacht agus ar rúndacht agus is minic a chuireann scoláirí imní in iúl faoi 'daoine a bheith ag labhairt fúthu.' Tá doiciméad cuimsitheach forbartha ag an Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) - Polasaí Rúndachta a Fhorbairt d'Iar-Bhunscoileanna. Tá Faisnéis thábhachtach agus Teimpléid Samplacha ar fáil ag www.ncge.ie.

Ba chóir comhairle a chur ar fhoireann na scoile i gcónaí faoi thábhacht na príobháideachta agus na rúndachta maidir le haon fhaisnéis a fhaigheann siad faoi scoláirí. Is féidir le teaghlaigh tuairimí láidre a bheith acu faoin méid dá gcuid faisnéise pearsanta atá ar eolas agus ba cheart meas a bheith ar na tuairimí sin. Is féidir cloí le formáid ar nós cur chuige atá dírithe ar theacht ar réiteach nó go deimhin féin ar theicnící réiteach fadhbanna den chineál céanna a chabhraíonn chun síor díospóireachtaí faoi fhadhbanna na scoláirí a chosc.

**Is í an phríomhcheist** - an rachaidh nochtadh faisnéise chun leasa an scoláire agus an bhfuil an nochtadh seo ar aon dul le polasaí rúndachta na scoile? Is é leas an scoláire an ghné is tábhachtaí.

Socraíonn an fhoireann tacaíochta do scoláirí an méid faisnéise ba chóir a roinnt. D'fhéadfadh comhairliúchán le tuismitheoirí/caomhnóirí, an scoláire, NEPS, nó gairmithe eile cabhrú chun an cinneadh seo a dhéanamh.

Uaireanta, tiocfaidh ceisteanna níos tromchúisí chun cinn maidir le faillí nó mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ann agus sna cásanna sin, déanfaidh an Duine Caidrimh Ainmnithe obair leantach. Tá a ról leagtha amach sna **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí don Bhunscoil agus don Iar-Bhunscoil (2017).**

Ní mór do mhúinteoir aon nochtadh a bhaineann le sábháilteacht scoláire nó daoine eile a thuairisciú don DCA. Ní mór a rá leis na daoine óga go dtarlóidh sé seo. Tá sé tábhachtach freisin go dtugtar le fios dóibh nach nochtófar an méid a phléifear gan ghá agus go mbeidh meas ar phríobháideacht. Tá níos lú seans ann go mbeidh fadhbanna leis seo má tá caidreamh dearfach ag scoláire le ball foirne agus má tá muinín aige/aici as an mball foirne. Uaireanta, áfach, d'fhéadfadh scoláire eolas a nochtadh a thugann le fios go bhféadfadh sé/sí féinghortú a dhéanamh. Ní mór don bhall foirne sábháilteacht an scoláire a chur chun tosaigh ar aon cheist iontaoibhe.

## 13. Taifid a Choinneáil

Tá **Cosaint Sonraí** ina gné thábhachtach d'obair na foirne. Má choinnítear faisnéis faoi scoláirí, cibé acu ar chomhaid ríomhaire nó páipéir, beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018. Tá na dlithe seo ann chun príobháideacht dhaoine aonair a chosaint maidir le próiseáil a gcuid faisnéise pearsanta. Tá sé riachtanach go bhfuil polasaí dea-fhorbartha i bhfeidhm ag an scoil maidir le RGCS agus taifid a choimeád agus go gcoinnítear taifid na foirne tacaíochta do scoláirí de réir pholasaí na scoile. D'fhéadfadh go mbeadh an suíomh gréasáin www.gdpr4schools.ie áisiúil mar phointe tagartha.

I Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais d'Iar-Bhunscoileanna (cuid 3.5) tugtar breac-chuntas ar na riachtanais maidir le faisnéis a thaifeadadh i dtaobh tuairiscí agus/nó líomhaintí a bhaineann le hábhair imní maidir le leas leanaí. **I Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne Oideachais do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna (cuid 9.11) tugtar breac-chuntas ar na riachtanais maidir le faisnéis a thaifeadadh i dtaobh tuairiscí agus/nó líomhaintí a bhaineann le hábhair imní maidir le leas leanaí.**

Chomh maith le riachtanais fhoirmiúla, beidh bealach ag teastáil ón bhfoireann chun súil a choinneáil ar phlé agus ar chinntí. I measc na dtascanna a bhaineann le páipéarachas tá:

- Foireann Iarratais ar Rannpháirtíocht do Scoláirí a dhearadh d'fhoireann tacaíochta do scoláirí (féach Aguisín 5)
- Foirm a dhearadh chun an fhaisnéis a bhaineann le scoláirí a bhfuiltear buartha fúthu a thaifeadadh (féach Aguisín 6 (a) agus (b))
- Foirm plean ghníomhaíochta a dhearadh. Leis an bhfoirm seo is féidir a chinntiú go mbeidh daoine ábhartha ar an eolas faoi na pleananna do scoláire áirithe. De rogha air seo d'fhéadfadh gurbh fhearr leis an bhfoireann an taifead seo a choinneáil don bhfoireann amháin agus daoine eile a chur ar an eolas ó bhéal. (féach Aguisín 6 (a) agus (b)).

## 14. Conclúid

Is treoir é an doiciméad seo chun foirne tacaíochta do scoláirí a bhunú nó chun athbhreithniú a dhéanamh orthu in Iar-Bhunscoileanna agus déantar cur síos ann ar an gcaoi ar féidir acmhainní scoile a eagrú chun leasa gach scoláire agus go háirithe do scoláirí a dteastaíonn tacaíochtaí breise uathu ag aon am faoi leith.

Is acmhainn iad do na daoine ar fad a bhfuil freagracht orthu tacaíocht a thabhairt do scoláirí in Iar-Bhunscoileanna. Ach, baineann siad go háirithe leis na príomhbhaill foirne atá freagrach as tacaíochtaí a chur i bhfeidhm, as pleanáil agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcur chuige atá acu seasamh roimh fhabhanna, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar phleananna tacaíochta aonair. Trí chontanam tacaíochta a chur i bhfeidhm, is féidir leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí soláthar a dhéanamh do riachtanais oideachais, shóisialta, mhothúchánacha, iompraíochta agus foghlama *Gach scoláire*, *Roinnt scoláirí* agus *Beagán* scoláirí chun a bhfolláine a chinntiú ar bhonn leanúnach.

Aithnítear gur réimse é seo atá ag forbairt go leanúnach agus go bhféadfadh forbairtí amach anseo teacht in ionad na smaointeoireachta agus an chleachtais atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ba cheart féachaint ar an doiciméad treorach seo mar dhoiciméad atá ag athrú go leanúnach, diaidh ar ndiaidh, agus mar dhoiciméad nach mór a chur in oiriúnt i bhfianaise na ndearcthaí agus na riachtanas nua a bheith ag teacht chun cinn sna scoileanna.

## 15. Tagairtí

An Roinn Oideachais agus Scileanna & an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. (2014). foirne tacaíochta do scoláirí in Iar-Bhunscoileanna Treoirlínte le haghaidh Athbhreithnithe agus Forbartha

An Roinn Oideachais agus Scileanna 2018. Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018 - 2023; (Athbhreithnithe Deireadh Fómhair 2019).

An Roinn Oideachais & An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe. (2021). Treoirlínte maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach.

An Roinn Oideachais agus Scileanna & an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. (2010). Leanúntas Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí.

An Roinn Oideachais agus Scileanna & an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. (2016). Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirlínte agus Ábhair Acmhainne do Scoileanna.

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. (2011). Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna.

An tIonad Náisiúnta um Threoir san Oideachas. (2017). Creat don Treoir Scoile Uile.

Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas. (2020). Polasaí Rúndachta a Fhorbairt d'Iar-Bhunscoileanna.

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. (2001). The World Health Report 2001: Mental health: new understanding, new hope. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

# Aguisín



## Aguisín 1:

**Tionscadail Foirne Tacaíochta do Scoláirí**

Mar aon le foilsiú *Treoirlínte na Foirne Tacaíochta do Scoláirí 2014* cuireadh tús le *Tionscadal na Foirne Tacaíochta do Scoláirí (2014-2017)*. Leis an tionscadal seo bhíothas ag iarraidh tacú le hIar-Bhunscoileanna athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar na struchtúir a bhí i bhfeidhm acu trí úsáid a bhaint as an gcreat a leagtar amach sna *Treoirlínte Foirne Tacaíochta do Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna* (2014). Ghlac seacht scoil déag i gceantar Bhaile Átha Cliath páirt sa tionscadal agus fuair siad tacaíocht ó NEPS, an NBSS, agus ó Sheirbhísí Síceolaíochta an BOO. Tar éis dóibh a bheith páirteach sa tionscadal thug na scoileanna seo le fios gur tháinig feabhas suntasach ar a gcumas tacú le scoláirí.

Tháinig *Tionscadal Foireann Tacaíochta do Scoláirí 2018/2019* de chuid NEPS chun cinn le cur le tionscadal na tréimhse 2014-2017, chun tuilleadh forbairt fós a dhéanamh ar an gcuspóir; go mbeadh struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm ag gach Iar-Bhunscoil chun tacú le folláine na scoláirí. Bhí an cinneadh cur le *Tionscadal na Foirne Tacaíochta do Scoláirí chun Comhionannú Deiseanna i Scoileanna (DEIS) a Sheachadadh* i *bPlean Gníomhaíochta Oideachais 2018*. Ina theannta seo, cinneadh tús a chur leis na hábhair oiliúna d'fhorbairt na foirne tacaíochta do scoláirí, meastóireacht leanúnach agus leasú a dhéanamh orthu nuair is gá.

Tarraingíonn an treoirlíne athbhreithnithe seo ar na ceachtanna a foghlamaíodh ón dá thionscadal agus tá faisnéis agus acmhainní breise ann d'Iar-Bhunscoileanna ar mian leo foirne tacaíochta do scoláirí atá ann cheana a bhunú, a fhorbairt nó athbhreithniú a dhéanaomh orthu.

**Scoileanna a ghlac páirt i dTionscadal na foirne tacaíochta do scoláirí 2018/2019**

| | |
|---|---|
| Pobalscoil Charn Domhnach, Dún na nGall | Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Dún na nGall |
| Scoil Mhuire Bhun Cranncha, Dún na nGall | Coláiste Aireagail, Dún na nGall |
| Coláiste na Daoile, Dún na nGall | Coláiste na Maoile Rua, Dún na nGall |
| Coláiste Ghleann Fhinn, Dún na nGall | Coláiste Pobail an Sciobairín, Corcaigh |
| Coláiste Phádraig, Corcaigh | Meánscoil Ursuline, Corcaigh |
| Meánscoil na Mainistreach Thuaidh, Corcaigh | Pobalcholáiste Thraolaigh Mhic Shuibhne, Corcaigh |
| Gaelcholáiste Mhuire, Corcaigh | Coláiste Pobail an Chóibh, Corcaigh |
| Scoil na mBráithre Chríostaí Uí Chonaill, Baile Átha Cliath | Coláiste Beneavin De La Salle, Baile Átha Cliath |
| Mount Carmel, Baile Átha Cliath | Scoil Chuimsitheach na Tríonóide, Baile Átha Cliath |
| Pobalscoil Iosolde, Baile Átha Cliath | Pobalscoil Bhaile an Bhlácaigh, Baile Átha Cliath |
| Pobalscoil Holy Child, Baile Átha Cliath | Pobalscoil St Tiernan's, Baile Átha Cliath |

# Aguisín 2

## Seicliosta chun tacú le forbairt foirne tacaíochta do scoláirí in Iar-Bhunscoileanna

***Is féidir le síceolaí NEPS a shanntar don Iar-Bhunscoil nó foireann na scoile an seicliosta seo a úsáid chun foireann tacaíochta do scoláirí na scoile a fhorbairt/athbhreithniú. Éascaíonn an seicliosta súil ghéar ar an gcleachtas reatha agus tá sé mar aidhm aige réimsí a aithint a bhfuil gá le tuilleadh forbartha orthu.***

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSíceolaí:** | |
| **Ainm an Bhall Foirne (má tá sé ag tabhairt gcomhairle):** | |
| **Scoil:** | |
| **Dáta:** | |

**Príomhghnéithe d'fhoireann tacaíochta do scoláirí**

| **Foireann & Croíchuspóir** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
|---|---|---|---|
| Tá foireann tacaíochta do scoláirí ag an scoil | | | |
| Sainmhínítear croíchuspóir na foirne tacaíochta do scoláirí i gcomhthéacs chur chun cinn na folláine | | | |
| Pléann an fhoireann tacaíochta do scoláirí le cur chun cinn folláine do scoláirí ag gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta:<br>■ Tacaíocht do Chách ■ Tacaíocht do Roinnt ■ Tacaíocht do Bheagán | | | |
| Pléann an fhoireann tacaíochta do scoláirí le raon riachtanas folláine an scoláire:<br>Foghlaim, Cúrsaí Sóisialta, Mothúchánacha, Iompraíochta, Fisiciúla. | | | |

**Ballraíocht**

| **Cuimsíonn Príomhbhallraíocht na foirne tacaíochta do scoláirí:** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
|---|---|---|---|
| 1) Ceannaireacht Scoile | | | |
| 2) Treoirchomhairleoir | | | |
| 3) Comhordaitheoir RSO | | | |
| 4) Ionadaí ar fhoireann Pleanála Curaclaim Folláine na Sraithe Sóisearaí | | | |

| **Cuimsíonn Ballraíocht eile na foirne tacaíochta do scoláirí:** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
|---|---|---|---|
| Ceann (cinn) B(h)liana | | | |
| Oifigeach Críochnaithe Scoile | | | |
| Oifigeach Caidrimh Baile agus Scoile | | | |
| Múinteoir Tacaíochta Iompraíochta | | | |
| Séiplíneach | | | |
| Eile | | | |

| **Róil & Freagrachtaí** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
| --- | --- | --- | --- |
| Tá róil agus freagrachtaí soiléire ag gach ball den bhfoireann tacaíochta do scoláirí | | | |
| Bailíonn comhordaitheoir na foirne tacaíochta do scoláirí na míreanna le haghaidh chlár oibre an chruinnithe a bheidh ag an bhfoireann roimh ré | | | |
| Tá baill na foirne tacaíochta do scoláirí ullmhaithe go cuí le haghaidh cruinnithe agus tá faisnéis chuí bailithe acu | | | |
| Tá cathaoirleach ar chruinniú foirne tacaíochta do scoláirí. Sainmhínítear ról an chathaoirligh | | | |
| Tá duine sannta don bhfoireann tacaíochta do scoláirí chun miontuairiscí a bhreacadh. Sainmhínítear ról an duine a ghlacann na miontuairiscí | | | |
| Tá soiléire ann maidir le cé a dhéanfaidh na gníomhartha a comhaontaíodh | | | |
| Tá foireann uile na scoile ar an eolas faoi ról na foirne tacaíochta do scoláirí agus nósanna imeachta an chruinnithe | | | |

| **Nósanna imeachta** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
| --- | --- | --- | --- |
| Tá nósanna imeachta soiléire ann chun rannpháirtíocht na foirne tacaíochta do scoláirí a iarraidh más cás ar leith nó ceist ghinearálta atá i gceist | | | |
| Déantar cruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí a chur ar amchlár agus bíonn a leithéid ann ar bhonn seachtainiúil/coicíse | | | |
| Tá comhaontú i measc na foirne tacaíochta do scoláirí faoin gcaoi a dtugtar tosaíocht do shaincheisteanna agus do chásanna i dtaobh iad a phlé ag an gcruinniú foirne | | | |
| Úsáidtear teimpléad chun struchtúr a chur ar an gcruinniú foirne agus chun é a thaifeadadh | | | |
| De ghnáth bíonn go leor ama ann chun clár oibre na foirne a phlé | | | |
| Úsáideann an fhoireann cur chuige réamhghníomhach agus fadhbhréitigh ina bplé faoi shaincheisteanna a ardaítear | | | |

| **Cumarsáid** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
|---|---|---|---|
| Aontaíonn an fhoireann faoin gcaoi a gcuirtear torthaí cruinnithe foirne in iúl do bhaill foirne eile na scoile | | | |
| Tá córas cumarsáide ann ón bhfoireann tacaíochta do scoláirí le foireann na scoile | | | |
| Tá tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi ról na foirne tacaíochta do scoláirí sa scoil | | | |
| Tá scoláirí ar an eolas faoi ról na foirne tacaíochta do scoláirí sa scoil | | | |
| Tá gníomhaireachtaí eile ar an eolas faoi ról na foirne tacaíochta do scoláirí sa scoil | | | |
| Déantar cur síos ar an bhfoireann tacaíochta do scoláirí ar shuíomh gréasáin na scoile | | | |
| Déanann an fhoireann tacaíochta do scoláirí atreorú chuig gníomhaireachtaí seachtracha | | | |

| **Taifid a Choinneáil** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
|---|---|---|---|
| Úsáidtear teimpléad taifeadta le haghaidh cruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí | | | |
| Taifeadtar gníomhartha | | | |
| Déantar athbhreithniú ar ghníomhartha ag cruinnithe na foirne ina dhiaidh sin | | | |

| Oiliúint | TÁ | NÍL | Gníomh |
|---|---|---|---|
| Tá eolas ag baill na foirne ar bheartas Folláine agus ar threoirlínte na foirne tacaíochta do scoláirí | | | |
| Fuair baill na foirne oiliúint ar an eolas is deireanaí maidir le Cosaint Leanaí | | | |
| D'fhreastail baill na foirne ar oiliúint ar chur chun cinn na folláine | | | |
| Tá cúrsaí oiliúna curtha i gcrích ag baill na foirne atá á gcur ar fáil ag an Eagraíocht Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (NOSP), m.sh. Living Works; Safetalk, ASSIST nó Understanding Self-harm | | | |

| Gníomhaireachtaí Seachtracha | TÁ | NÍL | Gníomh |
|---|---|---|---|
| Tá eolas cothrom le dáta ag an bhfoireann ar sheirbhísí áitiúla ar féidir dul i dteagmháil leo/atreorú chucu | | | |
| Tá ball den bhfoireann tacaíochta do scoláirí aitheanta mar dhuine teagmhála ar a bhfuil freagracht as teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha | | | |

| Rúndacht | TÁ | NÍL | Gníomh |
|---|---|---|---|
| Tá córas comhaontaithe ag an bhfoireann tacaíochta do scoláirí chun faisnéis a roinnt a chinntíonn brath rúndacht | | | |
| Stóráiltear taifid ar chruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí go slán sábháilte | | | |

| **Polasaithe** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
|---|---|---|---|
| Coinneofar cuntas de ról na foirne tacaíochta do scoláirí  laistigh de bheartais ábhartha scoile (m.sh. rollú) agus i bpleananna (m.sh. Plean Treorach Scoile) | | | |

| **Athbhreithniú** | **TÁ** | **NÍL** | **Gníomh** |
|---|---|---|---|
| Déantar athbhreithniú bliantúil ar bhallraíocht foirne tacaíochta do scoláirí agus ar phatrúin/téamaí aon atreorú a dhéantar | | | |

# Aguisín 3

**Róil a Shainmhíniú laistigh den bhFoireann Tacaíochta do Scoláirí**

| | |
|---|---|
| Scoil: | |
| Bliain: | |

Déanfaidh an **Comhordaitheoir** (nó an **Leas-chomhordaitheoir** ) na foirne tacaíochta do scoláirí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Róil: | 1: | 2: | 3: |

| | |
|---|---|
| **Comhordaitheoir (ainm)** | |
| **Leas-chomhordaitheoir** | |

Déanfaidh an **Cathaoirleach**:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Róil: | 1: | 2: | 3: |

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | |

Déanfaidh an **Coimeádaí Taifead**:

| Róil: | 1: | 2: | 3: |
|---|---|---|---|

| **Coimeádaí Taifead** | |
|---|---|

Déanfaidh an **comhordaitheoir RSO**:

| Róil: | 1: | 2: | 3: |
|---|---|---|---|

| **Comhordaitheoir RSO** | |
|---|---|

Déanfaidh an **Treoirchomhairleoir**:

| Róil: | 1: | 2: | 3: |
|---|---|---|---|

| **Treoirchomhairleoir** | |
|---|---|

Déanfaidh **an Ceann Bliana**:

| Róil: | 1: | 2: | 3: |
|---|---|---|---|

| **Ceann Bliana** | |
|---|---|

## Aguisín 4

**Liosta Teagmhála na Foirne Tacaíochta do Scoláirí**

| Gníomhaireacht | Uimhir Theagmhála |
|---|---|
| An Garda Síochána | |
| Ospidéal | |
| Briogáid Dóiteáin | |
| Dochtúirí Teaghlaigh áitiúla | |
| FSS/Foireann Cúraim Phríomhúil | |
| CAMHS | |
| Oifigeach um Fhéinmharú a Chosc | |
| An Chigireacht | |
| Síceolaí Leithdháilte (NEPS/BOO) | |
| Sagart Paróiste/Cléir | |
| An Coimisiún Scrúduithe Stáit | |
| Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe | |
| Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta | |

# Aguisín 5 (a)

**Foirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí ar mhaithe le Folláine**

| |
|---|
| **Tabhair breac-chuntas ar an bhfadhb** |
| **Leibhéal COS: Tacaíocht do Chách/Roinnt/Beagán** |
| **Bearta a glacadh cheana féin** |
| **Conas is féidir leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí cabhrú, dar leat?** |

| | |
|---|---|
| Ainm agus Ról: | Dáta: |

## Aguisín 5 (b)

**Foirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí ar mhaithe le Scoláirí**

### Príobháideach agus faoi Rún

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Scoláire** | | **Bliain** | |
| **Múinteoir Foirme** | | **Ceann Bliana** | |

| | |
|---|---|
| **Luaigh conas atá aithne agat ar an scoláire** | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cad iad na hábhair imní atá agat (cuir tic le do thoil)?** | | | | | | | |
| **Foghlaim** | ☐ | **Cúrsaí sóisialta** | ☐ | **Cúrsaí Mothúcháin** | ☐ | **Eile** | ☐ |

Leibhéal COS

| | |
|---|---|
| **Cad iad na príomhchúiseanna imní atá agat faoin scoláire seo?** | |
| **Tabhair liosta d'aon chéimeanna a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní go dtí seo:(m.sh. plé leis an scoláire, teagmháil idir an scoil agus an tuismitheoir/caomhnóir, cruinniú leis an tuismitheoir/caomhnóir, tacaíocht sa rang, difreáil obair scoile/obair bhaile, teagasc oideachais speisialta, plean iompair, meantóireacht, grúpa scileanna sóisialta)** | |

| | |
|---|---|
| Síniú: | Dáta: |

## Aguisín 5 (c)

**Foirm Iarratais ar Rannpháirtíocht na Foirne Tacaíochta do Scoláirí ar mhaithe le Scoláirí Príobháideach agus faoi rún**

### Príobháideach & Faoi Rún

| | |
|---|---|
| Ainm an Scoláire: | |
| Ainm an mhúinteora: | |
| Ceann Bliana: | |

Leibhéal COS: Cách ☐ Roinnt ☐ Beagán ☐

| |
|---|
| Luaigh conas atá aithne agat ar an scoláire: |

| |
|---|
| Cad iad na riachtanais a thugtar faoi deara (cuir tic) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Mothúchán** ☐ | **Iompar** ☐ | **Foghlaim** ☐ | **Eile** ☐ |

| |
|---|
| Déan cur síos: |

| |
|---|
| Faisnéis bhreise a chabhródh chun tacú leis an scoláire seo: |

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil an scoláire ar an eolas faoin atreorú: | ☐ Tá | ☐ Níl |

| | |
|---|---|
| Síniú: | Dáta: |

Tabhair an cháipéis seo do chomhordaitheoir na foirne tacaíochta scoláirí le do thoil

## Aguisín 6 (a)

**Taifead Cruinnithe na Foirne Tacaíochta do Scoláirí**

### Príobháideach & Faoi Rún

| | Atreoróir | Scoláire | Imní | Leibhéal COS | Imní | Obair Leantach |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Túslitreacha | Túslitreacha | Féach Eochair* | Cách/ Roinnt/ Beagán | Cúrsaí sóisialta/ mothúchánacha/ iompraíochta/ foghlama | De réir baill den bhfoireann tacaíochta do scoláirí, cé a thabharfaidh tuairisc ar ais ag an gcéad chruinniú eile |
| **1ú bliain** | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| **2 ú bliain** | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| **3 ú bliain** | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| **Idirbhliain** | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| **5 ú bliain** | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| **6 ú bliain** | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| **Ceisteanna Eile** | | N/B | N/B | | | |

* Eochair: Leibhéal imní - 1: Íseal, 2: Íseal go Meánach, 3: Meánach, 4: Meánach go hArd, 5: Ard

# Aguisín 6 (b)

## Teimpléad Cruinnithe na Foirne Tacaíochta do Scoláirí

| An chéad Bhliain | Túslitreacha an Scoláire | Imní | Faisnéis a bailíodh | Obair Leantach |
|---|---|---|---|---|
| | | 1 (íseal) - 5 (ard) | Cúrsaí Iompraíochta, Mothúchánacha, Sóisialta | Daoine aonair & gníomhartha beartaithe |
| An chéad Bhliain | | | | |
| An chéad Bhliain | | | | |
| An chéad Bhliain | | | | |
| An chéad Bhliain | | | | |

## Aguisín 7

**Córas Cumarsáide Lean In & Lean Out**

Is bealach iontach é an Córas Cumarsáide Lean In & Lean Out chun cumarsáid a dhéanamh i scoil ghnóthach faoi scoláirí a d'fhéadfadh an saol a bheith dul dian orthu.

**Lean In**

Meastar go mbaineann scoláirí ar an liosta Lean in (ar a dtugtar Focus in chomh maith) leas as beagán aire, spreagtha agus tacaíochta sa mbreis.

Coinníonn múinteoirí súil ghéar ar na scoláirí seo agus cummarsáide fheiceálach in úsáid acu leo. Cuireann siad aire agus cúram in iúl mar aon le bheith ag faire amach ar chomharthaí an chrá, chomh maith le athruithe ar iompar go háirithe más in olcas atá sé ag dul. Is féidir le múinteoirí cuidiú leis an scoláire seo, an nasc agus tacaíocht ata ann a aithint trína n-ainm a úsáid d'aon ghnó, féachaint sa tsúil orthu, aonrú a laghdú trí obair bheirte a eagrú, a bheith dearfach ó thaobh ghutha agus teanga de agus iad a spreagadh ó bhéal. Fan gar don scoláire agus déan machnamh ar chúrsaí le comhbhá.

**Lean Out**

Tá mic léinn ar an liosta Lean out (ar a dtugtar Focus out chomh maith) a bhfuil crá croi orthu freisin. Mar gheall ar roinnt chuinsí, d'fhéadfadh go rachadh spás intinne agus spás leo féin chun tairbhe dóibh. Tagann fearg ar roinnt scoláirí nuair a chuirtear isteach orthu nó má fhaigheann a gcuid mothúcháin an ceann is fearr orthu, rud a fhágann go mbraitheann siad níos cumhachtaí.Má ghoilleann rudaí orthu agus má táthar faoi strus, faoi bhagairt nó má mhothaíonn siad nach dtuigtear iad tá gach seans go léireoidh siad an crá.

Tá breithiúnas agus caidreamh na múinteoirí leis an scoláire i réim agus b'fhéidir go ndéanfaidís iarracht casadh leo ar bhonn duine ar dhuine. Ba cheart an chumarsáid a dhéanamh go deas socair (ionas nach mbraitheann siad faoi bhagairt ar shlí ar bith). Má bhraitheann múinteoirí go bhfuil fearg ag teacht orthu féin, de bharr go ngoilleann rud orthu nó go dtugtar droim láimhe dóibh, b'fhiú an cur chuige 3R a húsáid:

- **REFLECT (DÉAN MACHNAMH)** (b'fhéidir go bhfuil na mothúcháin céanna ag teacht ort agus atá orthu; cén brí atá lena n-iompar? Conas a mhothaím agus cén smaointe atá agam? Cén cumas atá ar an gcaidreamh eadrainn anois?)
- **REGULATE (RIALAIGH)** (tá mothúcháin láidre tógálach, má tá tú corraithe glac nóiméad chun gúm a chur ort féin, glac go socair agus déan ar do shuaimhneas déan faisnéisiú níos déanaí)
- **RELAX (LIG DO SCÍTH)** agus ansin fill ar an idirghníomhaíocht. Coinnigh do ghuth glan ó fhearg agus frustrachas. Coinnigh súil ghéar orthu agus cuir aon athrú ar iompar in iúl do theagascóir/cheann bliana nó don bhainistíocht má tá imní mhór ort. Dírigh ar rudaí dearfacha agus seachain an t-achrann.

Tá forbairt déanta ag scoileanna ar leaganacha éagsúla den chóras cumarsáide seo. Úsáideann cuid acu córas dathchódaithe a thaispeánann 'Isteach (In)' ar bhileog dhaite amháin agus 'Amach (Out)' ar dhath difriúil. Meabhraítear don bhfoireann ag cruinnithe foirne cad dó a dtagraíonn na dathanna. Baineann scoileanna eile úsáid as dhá chlár bhána bheaga don obair seo agus míniú ar 'lean in' agus 'lean out' ceangailte leo. Úsáideann roinnt scoileanna bileoga A4 ina chuirtear nuashonraí leis gach seachtain. Is féidir na bileoga céanna a úsáid mar thaifead ar chruinnithe na foirne tacaíochta do scoláirí (féach an sampla thíos).

Tá na bileoga daite/na cláir bhána suite i seomra oibre, seomra foirne nó in áit lárnach. Úsáidtear clúdach le rúndachta a chinntiú agus/nó úsáidtear ceannlitreacha sa chóras 'Lean In & Lean Out'. Tá marcóirí an chláir bháin ceangailte le sreangán ar mhaithe le praiticiúlacht. Mar rogha ar an gcur chuige seo, míníonn roinnt scoileanna an córas 'Lean In & Lean Out' ag cruinnithe foirne agus meabhraíonn siad don bhfoireann na liostaí a sheiceáil go rialta.

Is córas solúbtha é seo i roinnt scoileanna ar shlí gur féidir le haon mhúinteoir scoláirí a chur leis na liostaí chomh maith leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí agus tá gach múinteoir freagrach as na liostaí a sheiceáil go rialta. I gcásanna eile cuireann an fhoireann tacaíochta do scoláirí na liostaí le chéile. Is fearr a oibríonn sé má tá ball amháin den bhfoireann tacaíochta do scoláirí freagrach as na liostaí a thabhairt cothrom le dáta tar éis an chruinnithe.



1ú Bliain

2ú Bliain

3ú Bliain

4ú Bliain

5ú Bliain

**ISTEACH -**

Dírigh isteach ar an scoláire agus......
Tabhair tacaíocht agus ugach dó\di. Treisigh iompar an scoláire le haird dhearfach agus moladh. Coinnigh Súil Ghéar air\uirthi. Úsáid ainm an scoláire nó scríobh ráiteas déarfach ina dhialann chun mothú scoiteachta an scoláire a laghdú.



1ú Bliain

2ú Bliain

3ú Bliain

4ú Bliain

5ú Bliain

**AMACH -**

Tabhair spás agus beagán saoire don scoláire an tseachtain seo. B'fhéidir nach mbeadh an obair ar fad déanta acu. Má táthar i dtriobhlóid déan iarracht labhairt leo faoin iompar seo duine ar dhuine. Ná dearmad go bhfuil cúrsaí an tsaoil ag dul dian orthu agus cuir é seo san áireamh. Bí cineálta leo agus dírígh ar iompar dearfach.

# Nótaí

# Nótaí

